



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
Annual Report and Accounts

2018

Clár/Contents

An Gaeltacht	4
The Gaeltacht	
Údarás na Gaeltachta	5
Bord Údarás na Gaeltachta	
The Board	6
Struchtúr Bainistíochta	
Management Structure	9
Ráiteas an Chathaoirigh	13
Chairperson's Statement	
Athbhreithniú ar 2018: Forbairt Fiontraíochta	19
Review of 2018: Enterprise Development	
Forbairt Fiontraíochta	
Enterprise Development	20
Athbhreithniú ar 2018: Pleanáil Teanga agus Forbairt Pobail	27
Review of 2018: Language Planning and Community Development	
Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Pleanáil Teanga	
Irish Language Activities and Language Planning	28
Oideachas agus Oiliúint	
Education and Training	31
Forbairt Pobail	
Community Development	32
Na hEalaíona	
The Arts	36
Eagraíocht agus Seirbhísí	37
Organisation and Services	
Fuinneamh agus Comhshaol	
Energy and Environment	42
Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2018	45
Annual Financial Statements 2018	

Tuarascáil Bhliantúil 2018

Don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. De réir Ailt 18 agus 19 den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, tá an tuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain 2018 á dtíolacadh ag Údarás na Gaeltachta.

Annual Report 2018

To the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht. In accordance with Sections 18 and 19 of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, the report and financial statements for the year 2018 are being presented by Údarás na Gaeltachta.



Údarás na Gaeltachta




An Ghaeltacht

Tá ceantair fhairsinge Ghaeltachta i gcontaetha Dhún na nGall, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Chiarraí agus pobail níos lú i gcontaetha Phort Láirge, Chorcaí agus na Mí. Tá na ceantair Ghaeltachta sainithe ag orduithe Rialtais agus tá sé aitheanta ag rialtas i ndiaidh a chéile go bhfuil gá le bearta, struchtúir agus maoiniú ar leith chun cothabháil na bpobal seo a chinntiú.

Soláthraíonn an Ghaeltacht deis agus dúshlán chun leanúnachas na Gaeilge mar theanga phobail a choinneáil beo go nádúrtha. Soláthraíonn sí timpeallacht do dhaoine ar mian leo an Ghaeilge a bheith ar a dtoil acu agus tá sí mar chuid dhílis agus inspioráideach den sprioc náisiúnta sochaí dhátheangach a bhaint amach in Éirinn.

De réir Dhaonáireamh 2016, ba é daonra iomlán na Gaeltachta ná thart ar 97,000.



The Gaeltacht

The Gaeltacht covers extensive parts of counties Donegal, Mayo, Galway and Kerry and smaller communities in counties Waterford, Cork and Meath. The Gaeltacht areas are defined by Government orders and every successive government has recognised the need for specific measures, structures and funding to ensure the maintenance of these communities.

The Gaeltacht presents an opportunity and a challenge to maintain naturally the continuity of Irish as a community language. It provides the ideal environment for people who wish to become proficient in Irish and forms an integral and inspirational element of the national objective of achieving a bilingual society in Ireland.

According to the 2016 Census, the total population of the Gaeltacht was approximately 97,000.

Údarás na Gaeltachta

Is é Údarás na Gaeltachta, a bunaíodh in 1980, an t-údarás forbartha réigiúnach atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt theangeolaíoch, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil agus gheilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn. Is é neartú agus buanú na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir sin a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teangabhunaithe, pobail agus cultúrtha.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá Údarás na Gaeltachta freagrach go sonrach as cur i bhfeidhm an Phróisis Pleanála Teanga sa Ghaeltacht, rud atá ag croílár chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Sa straitéis sin leagtar béim ar phleanáil chomhtháite teanga ag leibhéal an phobail, agus tá sprioc leagtha síos ann go méadófar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht faoi 25%. Tacaíonn an tAcht le ról an Údaráis mar phríomh-gheallsealbhóir i bhforbairt réigiúnach na Gaeltachta agus tugann sé bunús reachtúil don Údarás ó thaobh an phróisis pleanála teanga de. Mar chuid den phróiseas seo tá an Ghaeltacht roinnte in 26 Limistéar Pleanála Teanga. Tá an tÚdarás freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun pleananna teanga a ullmhú agus a fheidmiú sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.



Údarás na Gaeltachta

Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is the regional development authority funded by the Government to promote the linguistic, cultural, social, physical and economic development of the Gaeltacht. The overall objective of Údarás na Gaeltachta policy is to ensure the strengthening and maintenance of Irish as the main communal language of the Gaeltacht, along with its transmission as a legacy to the next generation. The authority endeavours to achieve that objective by fostering and funding enterprise development and job creation initiatives and by supporting strategic language, cultural and community-based activities.

Under the Gaeltacht Act 2012, Údarás na Gaeltachta is specifically charged with the implementation of the

Language Planning Process in the Gaeltacht which is central to the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030. The strategy places emphasis on integrated language planning at community level and aims to increase the number of daily Irish speakers in the Gaeltacht by 25%. The Gaeltacht Act 2012 endorses the role of Údarás na Gaeltachta as the principal stakeholder in the regional development of the Gaeltacht and provides An tÚdarás with a statutory foundation for the language planning process. As part of this process, the Gaeltacht is divided into 26 Language Planning Areas. An tÚdarás is responsible for selecting organisations to prepare and implement language plans in each Gaeltacht Language Planning Area.

Bord Údarás na Gaeltachta

The Board



Anna Ní Ghallachair
An Cathaoirleach/Chairperson



John Shéamuis Ó Fearraigh



Mary Uí Chadhain



Ian Mac Aindriú



Seosamh Ó Laoi



Eunan Mac Cuinneagáin



Séamus Breathnach



Seán Mac Congamhna



Debra Ní Shúilleabháin



Séamus Mac Gearailt



Siobhán Seoighe



Máire Seosaimhín
Breathnach

Bord an Údaráis

Tá 12 chomhalta, an Cathaoirleach san áireamh, ar Bhord Údarás na Gaeltachta. Ceapann an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta na comhaltaí boird ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, cúigear díobh ar ainmiúcháin ó Údaráis Áitiúla a bhfuil Gaeltacht ina gceantar feidhme. Tá Bord Údarás na Gaeltachta freagrach as straitéis agus polasaithe ginearálta Údarás na Gaeltachta. Ceadáíonn an Bord infheistíochtaí, scéimeanna tacaíochta, agus ceannachán nó díolachán maoinne a dhéanann an eagraíocht ar mhaithe le forbairt fiontair agus cruthú fostaíochta, cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh, chomh maith le forbairt phobail na Gaeltachta.

Comhaltaí an Údaráis in 2018:

Bhí 8 gCruinniú Boird san iomlán ann in 2018. Seo a leanas an tinreamh:

An Cathaoirleach

Anna Ní Ghallachair	8	(Nóta 1)
---------------------	---	----------

Gnáthchomhaltaí

John Shéamuis Ó Fearraigh	8	(Nóta 1)
Mary Uí Chadhain	7	(Nóta 1)
Debra Ní Shúilleabháin	5	(Nóta 1)
Séamus Walsh	6	(Nóta 1)
Seán Mac Congamhna	5	(Nóta 1)
Séamus Mac Gearailt	7	(Nóta 1)
Ian Mac Aindriú	8	(Nóta 1)
Eunan Mac Cuinneagáin	8	(Nóta 1)
Seosamh Ó Laoi	7	(Nóta 1)
Siobhán Seoighe	5	(Nóta 1)
Máire Seosaimhín Breathnach	6	(Nóta 2)

Nóta 1: I mbun oifige ó 16 Eanáir 2018.

Nóta 2: I mbun oifige ó 15 Feabhra 2017 go dtí 14 Feabhra 2019.

Tinreamh: Níl san áireamh sa tinreamh thuas ach Cruinnithe Boird. Níl cruinnithe coistí mar atá sonraithe thíos san áireamh.

An Coiste Meastóireachta

Is coiste reachtúil é seo a dhéanann meastóireacht ar thionscadail mhóra agus a chuireann moltaí chuig an mBord. Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo le linn 2018. Ar an gcoiste sin ó achtaíodh Acht na Gaeltachta, 2012, tá an Cathaoirleach, comhalta boird agus an Príomhfheidhmeannach mar aon le hionadaí an ceann ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus ó Fhiontraíocht Éireann.

The Board of An tÚdarás

The Board of Údarás na Gaeltachta is made up of 12 members, the Chairperson included. The Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht appoints the board members for a period not exceeding five years, five of whom are nominated by local authorities with a Gaeltacht in their functional area. The Board of Údarás na Gaeltachta is responsible for the broad strategies and policies of Údarás na Gaeltachta. The Board approves investments, support schemes and the purchase and sale of assets undertaken by the organisation for the purposes of enterprise development and employment creation, the promotion of the Irish language and culture, and the development of Gaeltacht communities.

Members of An tÚdarás in 2018:

A total of 8 Board Meetings were held in 2018. The attendance was as follows:

Chairperson

Anna Ní Ghallachair	8	(Note 1)
---------------------	---	----------

Ordinary Members

John Shéamuis Ó Fearraigh	8	(Note 1)
Mary Uí Chadhain	7	(Note 1)
Debra Ní Shúilleabháin	5	(Note 1)
Séamus Walsh	6	(Note 1)
Seán Mac Congamhna	5	(Note 1)
Séamus Mac Gearailt	7	(Note 1)
Ian Mac Aindriú	8	(Note 1)
Eunan Mac Cuinneagáin	8	(Note 1)
Seosamh Ó Laoi	7	(Note 1)
Siobhán Seoighe	5	(Note 1)
Máire Seosaimhín Breathnach	6	(Note 2)

Note 1: In office from January 16 2018

Note 2: In office from February 15 2017 to February 14 2019.

Attendance: The above attendance includes Board Meetings only. Committee meetings as detailed below are not included.

Evaluation Committee

This statutory committee evaluates large scale projects and makes recommendations to the Board. No meetings of this committee were held in 2018. Since the enactment of the Gaeltacht Act, 2012, membership comprises the Chairperson, one board member and the Chief Executive as well as one representative each from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, from the Industrial Development Authority (IDA Ireland) and from Enterprise Ireland.

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

De réir An Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Údarás na Gaeltachta. Scrúdaíonn an coiste seo ráitis airgeadais, cúrsaí rialachais chorpóraidigh agus bainistíochta riosca, tuairiscí ón bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus obair eile a dhéantar i dtaca leis an eagraíocht agus lena cuid fochuideachtaí. Féach thíos liosta de chomhaltaí an choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhí ag feidhmiú in 2018:

Ian Mac Aindriú, *Cathaoirleach an Choiste, Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta.*

Anna Ní Ghallachair, *Cathaoirleach Údarás na Gaeltachta.*

Eunan Mac Cuinneagáin, *Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta.*

Mary Uí Chadhain, *Gnáthchomhalta d'Údarás na Gaeltachta.*

Roibeard Ó Cathasaigh, *Ball seachtrach.*

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2018.

Audit and Risk Committee

In accordance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, Údarás na Gaeltachta has an Audit and Risk Committee. This committee examines financial statements, corporate governance and risk management matters, reports from the Internal Audit function and from the Comptroller and Auditor General, and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies. The functioning members of the Audit and Risk Committee in 2018 were as follows:

Ian Mac Aindriú, *Committee Chairperson, Ordinary Member of Údarás na Gaeltachta.*

Anna Ní Ghallachair, *Chairperson of Údarás na Gaeltachta.*

Eunan Mac Cuinneagáin, *Ordinary Member of Údarás na Gaeltachta.*


Mary Uí Chadhain, *External Committee Member.*

Roibeard Ó Cathasaigh, *External Committee Member.*

The Audit and Risk Committee met four times during 2018.



Struchtúr Bainistíochta/Management Structure



Forbhreathnú/Overview

FOSTAÍOCHT I DTIONSCADAIL A FUAIR CÚNAMH EMPLOYMENT IN ASSISTED BUSINESSES	2014	2015	2016	2017	2018
Fostaíocht Choibhéiseach Lánaimseartha Full-time Equivalent Employment	7,053	7,268	7,348	7,503	7,625
Fostaíocht Shéasúrach agus Pháirtaimseartha Eile Other Seasonal and Part-time Employment	860	734	730	747	704
TIONSCAIL ENTERPRISES					
Deontais a Ceadaíodh/Grants Approved (€'000)	4,965	8,323	4,545	5,465	5,175
Deontais a Íocadh/Grants Paid (€'000)	2,971	2,624	2,762	3,195	3,448
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT GHINEARÁLTA EDUCATION AND GENERAL TRAINING					
Deontais a Ceadaíodh/Grants Approved (€'000)	678	1,025	837	1,362	1,548
Deontais a Íocadh/Grants Paid (€'000)	1,082	1,132	1,379	1,340	1,272
CUIDEACHTAÍ LE hINFHEISTÍOCHT SCAIREANNA Ó ÚDARÁS NA GAELTACHTA COMPANIES WITH SHARE INVESTMENTS FROM ÚDARÁS NA GAELTACHTA					
Infheistíochtaí an Údaráis sa Scairchaipiteal Údarás Investment in Share Capital (€'000)	753	445	1,038	157	300
Deontais a Ceadaíodh/Grants Approved (€'000)	3,502	2,448	2,165	2,779	2,402
Deontais a Íocadh/Grants Paid (€'000)	1,743	924	854	954	784
FOIRGNIMH BUILDINGS					
Caiteachas ar Fhoirgnimh Expenditure on Buildings (€'000)	3,901	4,122	8,891	6,342	3,991
Glansócmhainní Dochta/Net Fixed Assets (€'000)	92,231	89,583	84,887	82,863	79,038
Glansócmhainní Reatha/Net Current Assets (€'000)	1,599	1,854	(1,256)	(1,046)	(1,001)
Údarás na Gaeltachta					
Foireann/Staff	79	79	80	84	88
Tuarastail agus Pá/Salaries and Pay (€'000)	5,397	5,177	5,315	5,993	6,336
AIRGEAD A FUARTHAS ÓN STÁT EXCHEQUER FUNDING					
Caiteachas Reatha/Current Expenditure (€'000)	8,798	8,798	8,823	8,958	9,637
Tionscnaíocht Chultúrtha agus Pobail Cultural and Community Promotion (€'000)	3,000	3,000	3,000	3,250	3,350
Deontais do Thionscail agus Caiteachas Caipitil Grants to Industry and Capital Expenditure (€'000)	5,687	6,687	9,078	8,957	7,638


Forbhreathnú/Overview

Fostaíocht de réir Earnála Employment by Sector



Acmhainní Nádúrtha	634
Bia	1,361
Déantúsaíocht	1,876
Éadach/Teicstíl	334
Innealtóireacht	725
Seirbhísí	2,695
Iomlán/Total	7,625

Deontais a ceadaíodh in 2018 de réir earnála Grants approved in 2018 by sector



Acmhainní Nádúrtha	182,000
Bia	1,267,074
Déantúsaíocht	2,400,857
Éadach/Teicstíl	662,776
Innealtóireacht	1,095,798
Seirbhísí	3,769,073
Iomlán/Total	9,377,578
*Oideachas & Oiliúint	1,548,000
Iomlán/Total	10,925,578

Méaduithe fostaíochta in 2018 de réir earnáil Increases in employment in 2018 by sector



Acmhainní Nádúrtha	56
Bia	133
Déantúsaíocht	141
Éadach/Teicstíl	23
Innealtóireacht	29
Seirbhísí	207
Iomlán/Total	589

GLUAIS/GLOSSARY

Acmhainní Nádúrtha / Natural Resources
Bia / Food
Déantúsaíocht / Manufacturing

Éadach/Teicstíl / Clothing / Textiles
Seirbhísí Innealtóireachta / Engineering Services
Oideachas & Oiliúint / Education & Training

*Níl deontais a cheadaítear do ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna ginearálta bunaithe ar earnálacha.

*Aid approved for education and general training activities is not sector based.

Foinsí Fáis na Fostaíochta 2014 – 2018

Sources of Employment Growth 2014– 2018

Bliain	Bonn Fostaíochta	Poist Nua i dTionscadail atá ann cheana	Poist Nua Cruthaithe trí Thionscadail Nua	Iomlán na bPost Nua Cruthaithe
Year	Employment Base	New Jobs Created in Established Businesses	New Jobs Created in New Businesses	Total New Jobs Created
2014	7,053	560 (76%)	177 (24%)	737 (100%)
2015	7,268	437 (82%)	96 (18%)	533 (100%)
2016	7,348	424 (76%)	135 (24%)	559 (100%)
2017	7,503	567 (90%)	63 (10%)	630 (100%)
2018	7,625	453 (77%)	136 (23%)	589 (100%)



Ráiteas an Chathaoirligh

Chairperson's statement



Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis misnigh do bhord nua an Údaráis, a ceapadh i mí Eanáir 2018, gur lean an méadú ar an mbonn fostaíochta sa Ghaeltacht i 2018 agus gur sáraíodh clochmhíle shuntasach ó thaobh na pleanála teanga de chomh maith. Is é misean an Údaráis ná pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil agus inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus, tríd sin, an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú. Chonacthas figiúirí fostaíochta in 2018 a léirigh an leibhéal is airde fostaíochta i gcliantchomhlachtaí ó bhí 2008 ann agus ardú leanúnach ar an mbonn fostaíochta sé bliana i ndiaidh a chéile. In 2018 freisin a cuireadh céim shuntasach eile i gcrích i gcúrsaí Pleanála Teanga le fostú na chéad Oifigigh Pleanála Teanga i limistéir éagsúla ar fud na tíre agus dá bhrí sin tús curtha le feidhmiú na bpleananna sna ceantair sin.

A bhuíochas don dúthracht a chaith na pobail Ghaeltachta le réiteach na bpleananna, beidh tairbhe agus sásamh le baint anois as a bhfeidhmiú. Ag deireadh na bliana 2018 bhí plean teanga réitithe agus ceadaithe do leath (13) de na Limistéir Pleanála Teanga ar fud na tíre. Tá infheistíocht de €1.49m ceadaithe d'fheidhmiú na bpleananna sin agus beidh fostaíocht dhíreach de 17 bpost i gceist le hearcú Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta. Is é seo an tús i ndáiríre le feachtas buanaithe na teanga sa Ghaeltacht agus deis iontach atá

anseo do phobail Ghaeltachta infheistíocht dhíreach a fháil agus aird a tharraingt ar chúrsaí teanga i ngach ceantar. Is í seo an chéim is dúshlánaí den phróiseas, is é sin feidhmiú na bpleananna sna pobail agus ag cur dlúis le céimeanna a chuideoidh lena chinntiú gurb í an Ghaeilge a bheidh mar ghnáth-theanga phobail ar fud na Gaeltachta sna blianta atá amach romhainn. Is cúis dóchais agus spreagadh dúinn ar fad an dúthracht atá caite ag pobail na Gaeltachta le réiteach pleananna teanga dá gceantar agus bhí gníomhaíochtaí pleanála teanga ar siúl i ngach ceann de na 26 Limistéir Pleanála Teanga (LPT) i rith 2018.

Cúrsaí fostaíochta sa Ghaeltacht in 2018

Cruthaíodh 589 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2018. Bhí glanmhéadú ann de 122 post ar an mbliain roimhe sin,



Chairperson's Statement

It is a source of encouragement for the Board of Údarás, newly appointed in January 2018, that the increase of the employment base in the Gaeltacht continued during 2018 and that significant milestones have been achieved in the area of language planning also. Údarás na Gaeltachta's mission is to develop an energetic, successful and sustainable Gaeltacht community and economy, and thus maintain, promote and strengthen the use of Irish as the predominant language of the Gaeltacht community. Employment figures in 2018 show the highest level of employment in client companies since 2008 and a steady increase on the employment base in the Gaeltacht for six consecutive years. In 2018, another substantial step was taken in terms of Language Planning as the first Language Planning Officers were employed in different regions across the country and hence the commencement of implementation of the plans in those areas.

Thanks to the dedication and diligence of communities in the preparation of plans for their areas that the benefits and fulfilment of their implementation can now be realised. At the end of the 2018, language plans were prepared and approved for half (13) of the Language Planning Areas across the country. An investment of €1.49m has been approved for the implementation of the language plans with direct employment of 17 jobs when Language Planning Officers and Assistant Planning

Officers are recruited. This is now the true beginning of a campaign to preserve the language in the Gaeltacht and we welcome the resources that will be available to communities for the implementation of their plans. This is a great opportunity for Gaeltacht communities to receive direct investment and raise awareness of language issues in each area. It is a source of encouragement to all the dedication the Gaeltacht communities have shown in the preparation of language plans for their areas and language planning activities were well underway in each of the 26 Language Planning Areas (LPA) during 2018.

Employment in the Gaeltacht in 2018

In 2018, a total of 589 full-time jobs were created in Údarás na Gaeltachta client companies. This constituted a net increase of 122 jobs over the previous year, resulting

rud a chiallaíonn go raibh 7,625 post lánaimseartha agus 582 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana. Tá méadú meáite le sonrú ar chúrsaí fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta le sé bliana anuas agus ardú 10% tagtha ar an bhfostaíocht iomlán sa tréimhse sin. Cuireadh béim ar leith le roinnt blianta ar théarnamh, ar bhuanú agus ar sheasmhacht na gcomhlachtaí. Mar thoradh air sin, tháinig méadú sa bhfostaíocht ar 14% de chliantchomhlachtaí an Údaráis agus d'fhan an fhostaíocht seasmhach in 75% acu in 2018. Thosaigh 30 gnó as an nua sa nGaeltacht le linn na bliana agus bhí 76 duine fostaithe sna gnóthaí sin ag deireadh na bliana.

Tá tionchar suntasach eacnamaíoch ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. De réir thaighde ABSEI a rinneadh in 2018, meastar go raibh díolachán iomlán de €862m á dhéanamh ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €430m i ngeilleagar na hÉireann. Léiríonn sé seo go bhfuil luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit i gcruthú fostaíochta sa nGaeltacht.

Tá fáilte ar leith le cur roimh arduithe meáite inár mbuiséad caipitil agus roimh chistí seachtracha eile atá fógartha a thabharfaidh deis don eagraíocht leanúint leis an tús fíordhearfach atá déanta le cur i bhfeidhm straitéis nua na heagraíochta a tháinig i bhfeidhm in 2018. Tá sé

ríthábhachtach do thodhchaí inmharthana na Gaeltachta go ndéantar forbairt fiontraíochta agus forbairt na teanga a chur chun cinn go comhuaineach lena chéile agus na hacmhainní cuí a bheith ar fáil dá réir. Is dúshlán suntasach feidhmiúcháin ann féin é seo a bhaint amach ach tá údar dóchais sa dul chun cinn atá déanta le roinnt blianta anuas.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Is ábhar misnigh é don Bhord, an spreagadh agus beocht ar leith atá le sonrú ar fhorbairt na mol nuálaíochta agus digiteach gteic ar fud na Gaeltachta. Is mór an spéis atá á léiriú go háitiúil agus go náisiúnta iontu agus tabharfaidh siad solúbthacht níos mó don Údarás tacú le comhlachtaí nuálacha atá ag tosú amach nó atá ag iarraidh préamhacha níos doimhne a chur i dtalamh. Tá fáilte mhór le cur roimh acmhainní breise atá faighte ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun an éiceachóras teicneolaíochta seo a mhéadú agus deis a thabhairt dúinn diaspóra na Gaeltachta a mhealladh ar ais chuig a gceantair féin. Osclaíodh moil nua gteic ar an gCeathrú Rua le linn 2018 le cur leis na moil a bhí oscailte i nGaoth Dobhair, Béal an Mhuirthead agus i nDaingean Uí Chúis.

Fócas do 2019

Tá dhá théama uileghabhálacha ag croílár straitéis an Údaráis don tréimhse trí bliana 2018 – 2020: Caomhnú agus Neartú na Gaeilge, agus Forbairt Nuálaíochta agus

in 7,625 full-time jobs and 582 part-time jobs in Údarás-assisted companies at year end. There has been a measured increase in employment in Gaeltacht companies supported by Údarás na Gaeltachta for six consecutive years and an increase of 10% in the overall employment figures in that period. In the last number of years, an emphasis was placed on the recovery and stability of the companies. As a result, the rate of employment increased in 14% of Údarás client companies and the employment rate remained stable in 75% of client companies in 2018. During the year, 30 new companies were created and there were 76 people employed in these at the end of the year.

An tÚdarás client companies have a significant economic impact both on the economy of the Gaeltacht and the country at large. Based on ABSEI research conducted in 2018, it is estimated that client companies achieved a total of €862m in sales in the previous year, resulting in direct expenditure of €430m in the Irish economy. This indicates that State investment in employment creation in the Gaeltacht generates good value for money.

We particularly welcome moderate increases in our capital budget and other external funding which will provide the organisation with an excellent opportunity to continue the positive commencement of the implementation of our new strategic plan which came into effect in 2018. It is crucial for the Gaeltacht's sustainable future, that enterprise and language development are promoted simultaneously and

to that end that appropriate resources are being made available. This in itself is a considerable administrative challenge but the progress made in recent years is a source of optimism.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

A source of encouragement to the Board is the stimulus and energy that the development of gteic innovation centres and digital hubs throughout the Gaeltacht has created in those areas. There has been a lot of interest locally and nationally in this network and they will provide Údarás with more flexibility to support innovative companies that are either starting out or consolidating their base. The additional resources granted from the Regional Regeneration and Development Fund to develop this technological ecosystem are greatly welcomed and will give us an opportunity to attract the Gaeltacht diaspora back to their communities. A new gteic digital hub was opened in An Cheathrú Rua during 2018 to add to the hubs that were opened in Gaoth Dobhair, Béal an Mhuirthead and in Daingean Uí Chúis.

Outlook for 2019

There are two overarching themes at the core of the Údarás na Gaeltachta Strategic Plan for the period 2018–2020: Maintenance and Strengthening of the Irish Language, and Fostering Innovation and Employment Creation. The implementation of the strategy will continue

Cruthú Fostaíochta. Leanfar le cur i bhfeidhm na straitéise i rith 2019 a bhfuil forbairt inmharthana na Gaeltachta, na n-oileán Gaeltachta agus dá réir sin cothú pobail bhríomhair teanga mar phríomhchuspóir agus fócas ann. Chuige sin déanfar gach iarracht na cúinsí cuí a chruthú, ionas go mbeidh an Ghaeltacht mar áit a mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail ann agus áit a mheallfaidh an gnáthphobal, fiontraíthe agus cuairteoirí araon le cónaí, maireachtáil agus oibriú inti.

Cé go bhfuil an buanú fostaíochta atá léirithe agus an tseasmhacht post ríthábhachtach do chliantchomhlachtaí atá lonnaithe i gceantair réigiúnacha tuaithe, gan aon chinnteacht faoi chúrsaí Breatimeachta, d'fhéadfadh blianta corracha éiginnte a bheith roimh chomhlachtaí Gaeltachta a bhíonn ag brath ar mhargaí, ar tháirgí agus



during 2019, the primary objective and focus of which is the sustainable development of the Gaeltacht and the Gaeltacht islands, and, accordingly, the maintenance of vibrant linguistic communities. To that end, all efforts will be made to create the appropriate conditions to allow the Gaeltacht to be a place in which the Irish language will be the main language of the community and a place in which both ordinary citizens and entrepreneurs will choose to live and work.

Although the employment and job stabilisation outlined above is very important to client companies based in regional rural areas, without any certainty thus far regarding Brexit, the years ahead could prove to be difficult for Gaeltacht companies who depend on UK markets, products and materials. The support and

ábhair ón Ríocht Aontaithe. Leanfar leis an tacaíocht agus comhairle atá á cur ar fáil do chliantchomhlachtaí a mbeidh tionchar aige orthu.

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh infheistíocht straitéiseach agus chuí a bheith á déanamh in infreastruchtúr Gaeltachta chomh maith le hinfreastruchtúr an Údarás féin chun gur féidir an leas is mó don Ghaeltacht a bhaint as deiseanna gnó a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an mBreatimeacht.

Chuige sin caithfear tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúrtha agus forbairt á déanamh orthu, nuálaíocht a chothú agus fiontraíocht a mhéadú. Díreofar ar chláir agus tionscadail taighde chun an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a chothú mar chodanna dílse den chlár forbartha. Creideann an tÚdarás go bhfuil deiseanna suntasacha anseo do na ceantair Ghaeltachta ar fad, ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil chun straitéis na heagraíochta a chur i bhfeidhm ina hiomláine.

Tá dul chun cinn shuntasach déanta i rith 2018 ar Thascfhórsaí agus Fóraim éagsúla le foilsiú na Tuairisce Feidhmithe 'Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaith Dobhair' i mí Bealtaine 2018 agus an obair atá á déanamh ag Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh, Fóram Fiontraíochta na Mí agus Plean Gníomhaíochta 5 Bliana d'Iorras Aithneach a ndéanfar tuairisciú orthu in 2019. Ciallóidh na pleananna

mentoring that is being provided to affected client companies will continue.

Strategic and adequate investment in Gaeltacht infrastructure and in the infrastructure of Údarás na Gaeltachta itself is more important than ever in order that potential business opportunities, which may arise as a result of Brexit, may be fully exploited for the benefit of the Gaeltacht.

To that end, support must be given for the development of language, community and cultural resources, to foster innovation and to enable enterprise and there will be a strong emphasis on programmes which focus on these. An tÚdarás believes that there are significant opportunities for all Gaeltacht areas, subject to the availability of adequate resources to fully implement our strategy.

During the course of 2018, significant progress has been made on various Taskforces and Forums with the publication of Tuairisc Fheidhmithe 'Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaith Dobhair' in May 2018 and the work being undertaken by the Uíbh Ráthach Interagency Taskforce, Fóram Fiontraíochta na Mí (Meath Gaeltacht Enterprise Forum) and Plean Gníomhaíochta 5 Bliana d'Iorras Aithneach which will be reported on during 2019. The targeted plans will mean that specific measures will be set out for some Gaeltacht areas that are mentioned as disadvantaged areas in Census 2016.

spriocdhírthe seo go mbeidh gnímh sainiúla leagtha síos do chuid de na ceantair is mó sa Ghaeltacht atá luaite a bheith faoi mhíbhuntáiste i ndaonáireamh 2016.



Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le comhaltaí Bhord Údarás na Gaeltachta as a ndúthracht, a gcomhoibriú agus a gcuid tacaíochta i rith na bliana seo. Tá mé faoi chomaoin ag foireann an Údaráis chomh maith as a bhfís, a bhfuinneamh agus a dtiomantas don obair dhúshlánach a bhaineann le forbairt chomhtháite na Gaeltachta.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht atá tugtha dúinn ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire), Fiontraíocht Éireann, Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, SOLAS agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí i gcur i bhfeidhm ár gcláir forbartha.

Anna Ní Ghallachair

Cathaoirleach

Acknowledgements

I would like to thank my fellow members of the Board of Údarás na Gaeltachta for their continuous commitment, cooperation and support during the year. I am also grateful to the staff of Údarás na Gaeltachta for their vision, energy and commitment to the challenging work associated with the integrated development of the Gaeltacht.

Finally, I wish to acknowledge the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, Department of Community and Rural Development, IDA Ireland, Enterprise Ireland, Bord Bia, Bord Iascaigh Mhara, SOLAS and the Department of Employment Affairs and Social Protection for their support in implementing our enterprise development programmes.



Anna Ní Ghallachair

Chairperson



Athbhreithniú ar 2018: Forbairt Fiontraíochta

Review of 2018: Enterprise Development



Forbairt Fiontraíochta

Tugann Údarás na Gaeltachta faoi réimse leathan gníomhaíochtaí fiontraíochta agus forbartha chun a fheidhmeanna i dtaca le cruthú agus caomhnú fostaíochta sa Ghaeltacht a bhaint amach. 589 post nua lánaimseartha a cruthaíodh i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in 2018. Ag deireadh na bliana bhí 7,625 post lánaimseartha agus 582 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás. Is glanmhéadú 122 post a bhí i gceist nuair a tógadh líon na bpost lánaimseartha a cailleadh san áireamh.

Tá na fiontair a fhaigheann tacaíocht ón Údarás ag feidhmiú in earnálacha ar nós eolaíochtaí beatha (bithleighis agus cógaisíocht), teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, saindéantúsaíocht (earraí innealtóireachta agus tomhaltais), closamhairc agus na meáin dhigiteacha, turasóireacht, fiontair mhara agus fiontair theangabhunaithe. Is i gContaetha Dhún na nGall agus na Gaillimhe is mó a bhí ardú ar an bhfostaíocht in 2018. Ba é 2018 an bhliain is lú riamh ar cailleadh poist i nGaeltacht Dhún na nGall agus tháinig méadú 4% ar an bhfostaíocht sa gcontae sin in 2018. Fágann sé seo go bhfuil an fhostaíocht sa gContae ag an leibhéal is airde le 10 mbliana. Ag deireadh 2018 bhí an leibhéal fostaíochta i gContae na Gaillimhe ag an leibhéal is airde ón mbliain 2000: cruthaíodh 237 post sa gContae in 2018 sna hearnálacha déantúsaíochta táirgí sláinte agus

trealaimh leighis go príomha chomh maith leis an earnáil scannánaíochta agus teilifíse.

Thosaigh 30 gnó as an nua sa nGaeltacht le linn na bliana agus bhí 76 duine fostaithe sna gnóthaí sin ag deireadh na bliana i réimsí na déantúsaíochta traidisiúnta agus táirgí leighis chomh maith le hearnáil na teilifíse den chuid is mó. Ba iad na hearnálacha Bia & Dí, Déantúis Feistí Leighis agus Scannánaíochta/Teilifíse a léirigh na méaduithe fostaíochta is mó i rith na bliana, cé nár sheachain na hearnálacha seo laghduithe sa bhfostaíocht ach oiread. Is in earnáil na Déantúsaíochta Traidisiúnta is mó a chonacthas laghduithe.

525 post nua ceadaithe don Ghaeltacht in 2018

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua ina gcruithófar 525 post agus ina ndéanfar infheistíocht iomlán mheasta de €42 milliún, de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna blianta beaga amach romhainn. Is do thograí i gContaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, agus Mhaigh Eo is mó a ceadaíodh poist le linn 2018, le ceadanna suntasacha i gContaetha Chiarraí, Chorcaí agus na Mí chomh maith. Tá sé le tabhairt faoi deara gur comhlachtaí sna hearnálacha feistí leighis, bia, seirbhísí agus saindéantúsaíochta is mó atá ag dul i mbun forbartha.

Enterprise Development

Údarás na Gaeltachta undertakes a wide range of enterprise and development activities in order to fulfil its functions in relation to the creation and maintenance of employment in the Gaeltacht. A total of 589 new full-time jobs were created in Údarás na Gaeltachta client companies in 2018. At year end, total employment in Údarás-supported companies stood at 7,625 full-time jobs and 582 part-time jobs. There was a net gain of 122 jobs, when taking the number of full-time jobs which were lost into account.

The enterprises supported operate in sectors such as life sciences (biomedical and pharmaceutical), information and communications technology, niche manufacturing (engineering and consumer goods), audio-visual and digital media, tourism, marine and language-based enterprises.

Counties Donegal and Galway saw the largest increases in employment in 2018. Indeed 2018 saw the lowest ever number of job losses in the Donegal Gaeltacht where there was an increase of 4% on employment. Employment in client companies in Donegal is now at its highest level in 10 years. At the end of 2018 Údarás supported employment in County Galway was at its highest level since 2000: A total of 237 jobs were created in 2018 mainly in the healthcare product manufacturing and medical device sectors, along with the film and TV sector.

During the year, 30 new businesses were established in the Gaeltacht and over 76 people were employed in these businesses by year-end, mainly in the fields of traditional manufacturing and medical devices, along with the TV sector. The largest increases in employment were evident in the food and drinks, medical device manufacturing and film/TV sectors, even though these sectors did not escape some employment reductions also. Employment reductions were primarily in the traditional manufacturing sector.

525 new jobs approved for the Gaeltacht in 2018

The Board of Údarás na Gaeltachta approved a number of new projects which will see the creation of 525 jobs and involve an overall projected investment of €42 million as the projects are developed over the next few years. Jobs were approved in 2018 for projects in counties Galway, Donegal and Mayo for the most part with significant approvals for counties Kerry, Cork and Meath also. It is noted that companies operating mainly in the medical devices, food, services and niche manufacturing sectors continued to grow and develop.

It is also significant that support of €1.51m was approved for seven High Potential Start-ups companies in 2018, located in counties Meath, Galway and Mayo. HPSUs are companies that are deemed to have development and

Tá sé suntasach freisin gur ceadaíodh tacaíocht de €1.51m do sheacht gcomhlacht Tosú Ardacmhainne (High Potential Start Up) i rith 2018, a bheidh lonnaithe i gContaethe na Mí, na Gaillimhe, agus Mhaigh Eo. Comhlachtaí iad seo a meastar táirge le hacmhainn forbartha agus fáis sciobtha a bheith acu agus a mbeidh 10 bpost lánaimseartha agus díolachán de €1m bainte amach acu taobh istigh de 3 bliana.

Tionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údaráis

De réir thaighde ABSEI¹ a rinneadh in 2018, déanann cliantchomhlachtaí an Údaráis €430 milliún de chaiteachas díreach i ngeilleagar na tíre seo ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar. D'íoc na cliantchomhlachtaí párolla €181 milliún, le €41,000 mar mheánphá an fhostaí sna comhlachtaí a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu.

Léiríodh freisin go raibh díolachán iomlán €862 milliún ag cliantchomhlachtaí an Údaráis an bhliain roimhe sin. Cúrsaí easpórtála atá i gceist le €522 milliún

¹Foinse: ABSEI (Tuarascáil um Shuirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) is déanaí. Rinne an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an suirbhé ABSEI in 2018 ar gach gníomhaireacht forbartha.



rapid growth potential, and that will achieve 10 full-time jobs and sales of €1m within 3 years.

Economic impact of An tÚdarás client companies

Based on ABSEI¹ research conducted in 2018, Údarás na Gaeltachta client companies generate direct expenditure in the Irish economy of €430 million on payroll, services and the purchase of raw materials. Client companies spent €181 million on payroll, with an average salary of €41,000 per employee in companies with 10 or more employees.

den díolachán, sin cóimheas 60% idir easpórtáil agus díolachán.

Dúshláin an Bhreiteamachta agus polasaithe idirnáisiúnta

Go minic, is é margadh na Ríochta Aontaithe an chéad chéim easpórtála d'aon chomhlacht Éireannach nó Gaeltachta a bheadh ag dul i mbun easpórtála den chéad uair. Beidh tionchar ag cibé cinneadh a dhéantar faoin mBreiteamacht ar chomhlachtaí Gaeltachta freisin agus tá Údarás na Gaeltachta ag obair go dlúth lenár gcliantchomhlachtaí lena chinntiú go bhfuil siad ar an airdeall, agus ag feabhsú struchtúr agus margáí a gcomhlachtaí oiread agus is féidir. D'aontaigh Údarás na Gaeltachta comhaontú ceangal Oifigí Gnó le Cumainn Tráchtála na hAlban ag deireadh 2018 chun tacú le comhlachtaí i nGaeltacht na hÉireann agus in Albain agus chun infheistíocht agus deiseanna trádála a éascú.

Feidhmeoidh an socrú mar acmhainn luachmhar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag iarraidh

It was also shown that Údarás na Gaeltachta client companies had total sales of €862 million in the previous year. Some €522 million of sales consisted of exports, an export-sales ratio of 60%.

Brexit Challenges and International Policies

The United Kingdom is often the first port of call when an Irish or a Gaeltacht company begins exporting for the first time. Whatever decision is made regarding Brexit will have an effect on Gaeltacht companies and Údarás na Gaeltachta is working closely with our client companies to ensure that they are prepared and improving company

¹Source: Latest ABSEI (Annual Business Survey of Economic Impact) Report. The ABSEI survey was carried out in 2018 by the Department of Jobs, Enterprise and Innovation across all development agencies.

a bpáirtíocht idirnáisiúnta gnó-le-gnó a leathnú. De réir thaighde uasdátaithe ABSEI na bliana seo, tá 28% de dhíolachán easpórtála ár gcliantchomhlachtaí, a bhfuil luach €148 milliún air, á dhéanamh sa Ríocht Aontaithe. Tá suas le 33% (€172) á dhéanamh san Aontas Eorpach agus 24% (€124m) i Meiriceá Thuaidh. Agus suas le 60% de bhunábhar na gcliantchomhlachtaí á iompórtáil ar luach €233m, is cinnte go mbeadh tionchar ag aon táillí trádála ar a leithéid. Tá go leor oibre curtha i gcrích ag Údarás na Gaeltachta as féin agus go díreach leis na cliantchomhlachtaí is mó a mbeidh tionchar ag an mBreatimeacht orthu lena chinntiú go bhfuil siad ag pleanáil go straitéiseach agus go bhfuil a ngnó chomh hiomaíoch agus barainneach agus is féidir. Tá an tÚdarás ag comhoibriú le gníomhaireachtaí eile Stáit ar chur chuige comhordaithe maidir leis an mBreatimeacht agus leanfar leis an scéim tacaíochta agus comhairleoireachta 'Bí Réidh', atá á riaradh ag an Údarás dá chliantchomhlachtaí. Is in Earraí Adhmaid

(26%), Páipéar (18%), Miotal Bunúsach & Déanta (18%), agus Bia/Deoch (7%), atá formhór na heaspórtála chuig an Ríocht Aontaithe á déanamh ag cliantchomhlachtaí an Údaráis.

Maoiniú Stáit

Tá infheistíocht Stáit thart ar €19 milliún i gceist leis an gcúnamh a cheadaigh an tÚdarás in 2018 do thionscadail fostaíochta agus forbartha, d'oideachas agus oiliúint, agus i leith infreastruchtúir.

Costas in Aghaidh an Phoist

Bhí costas deontais de €5,649 in aghaidh an phoist in 2018 agus bhí meánchostas de €5,301 in aghaidh an phoist i gceist thar na cúig bliana seo caite. Léiríonn an costas in aghaidh an phoist an caiteachas deontais ar chaipiteal, ar fhostaíocht, ar thaighde agus forbairt agus ar oiliúint shainiúil a íoctar le cliantchomhlachtaí ach ní



structures and markets as much as possible. Údarás na Gaeltachta agreed a Trade Office arrangement with the Scottish Chambers of Commerce at the end of 2018 to provide business support services to companies in the Gaeltacht and in Scotland and to facilitate investment and trade opportunities.

The arrangement will act as a valuable resource for SMEs looking to expand their international B2B partnerships. According to this year's updated ABSEI research, 28% of client companies' export sales, valued at €148 million, is to the United Kingdom. Up to 33% (€172m) is done in the European Union and 24% (€124m) in North America. With up to 60% of the client companies raw materials being imported, at a value of €233m, any customs tariffs would certainly have an effect on the bottom line. Údarás na Gaeltachta has carried out significant work individually and directly with the client companies who will be most affected by Brexit to ensure that they undertake strategic planning and to ensure that their business is as competitive and 'lean' as possible. Údarás na Gaeltachta

is cooperating with other State agencies as part of a coordinated response to international affairs in 2018 and will continue to administer its Brexit support and consultancy scheme, 'Bí Réidh', for its client companies. The majority of exports by Údarás client companies to the UK are from the Wood/Timber products (26%), Paper (18%), Basic and Fabricated Metal (18%) and Food/Drink (7%) sectors.

State Funding

Grant assistance and capital expenditure approved by An tÚdarás in 2018 for employment creation and other development projects, for education and training, and for infrastructure involved an overall State investment of circa €19 million.

Cost per Job

The grant cost per job for 2018 was €5,649 and the average cost per job over the past five years was €5,301.

áiríonn sé deontais FIG (Ionstraim Airgeadais do Threoir lascaireachtaí) ná Taighde/Forbartha/Nuálaíochta. Ní áirítear caiteachas eile i leith oiliúna ná oideachais mar níl ceangal díreach idir mórchuid an chaiteachais ar na cláir oideachais tríú leibhéal agus foghlama fadsaoil atá á maoiniú agus cláir chruthaithe fostaíochta na bliana reatha.

Taighde agus Forbairt

I gcomhthéacs athruithe polaitíochta idirnáisiúnta chinntigh an tÚdarás gur cuireadh béim ar leith ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha ina chliantchomhlachtaí agus é ag cabhrú le gnóthaí forbairt a dhéanamh ar a gcumas iomaíochta agus margáí nua a aimsiú. In 2018 ceadaíodh €1.8 milliún i ndeontais dírithe ar thaighde agus forbairt agus ar fhorbairt scileanna taighde margáíochta. Tá an tÚdarás, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, tiomanta do chomhoibriú le comhlachtaí tríd an scéim náisiúnta Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta (T&F&N) a fheidhmiú chun an bonn taighde agus nuálaíochta in earnáil na fiontraíochta a neartú.

Punann Maoine

Tá réimse leathan maoine faoi úinéireacht an Údaráis, idir oifigí, áiseanna sealaíochta deisce, aonaid fiontraíochta, ceardlanna, monarchana, páirceanna gnó, agus infreastruchtúr riachtanach eile ar nós oifigí réigiúnacha,

gléasra eisilte, fostáisiúin BSL srl. Ag deireadh 2018 bhí punann leathan maoine le hachar os cionn 255,000 méadar cearnach faoi dhíon á bainistiú ag Údarás na Gaeltachta i seacht gcontae éagsúla. Déanann an tÚdarás bainistiú ar bhunachar talún ina bhfuil réimse talaimh foraoise agus portaigh ar fud na Gaeltachta chomh maith. Lean an tÚdarás le roinnt infheistíochtaí caipitil straitéiseacha in áiseanna infreastruchtúir le linn 2018 chun réimsí dár bpunann maoine a thabhairt chun caighdeán a chabhróidh le tograí agus fostaíocht nua a mhealladh amach anseo. Tá gá le hathchóiriú a dhéanamh ar líon ard de na foirgnimh agus na haonaid eile atá folamh. Teastaíonn infheistíocht mhór chaipitil a dhéanamh chun na foirgnimh thionsclaíochta seo a thabhairt chuig an gcaighdeán atá de dhíth d'fhiontair nua-aimseartha an lae inniu. Lena chois sin, tá gá le huasghrádú a dhéanamh ar roinnt córas cóireála fuíolluisce atá lonnaithe ar eastáit tionsclaíochta agus páirceanna gnó an Údaráis. Tá clár athchóirithe agus athfhorbartha leagtha amach ag an Údarás bunaithe ar thosaíochtaí agus riachtanais na heagraíochta agus ag brath ar bhuiséad a bheith ar fáil.

Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh

D'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta Tuairisc Fheidhmithe 'Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair' i mí Bealtaine 2018 a bhí ina thuairisc dheiridh ag an bhFóram Forbartha Fiontraíochta a bunaíodh in

The cost per job reflects grant payments towards capital, employment, research and development and specific training paid to client companies but excludes FIGG (Financial Instrument for Fisheries Guidance) and Research/Development/Innovation funding. Other expenditure on training and education is excluded as there is no direct link between a substantial proportion of the expenditure on third level education courses and lifelong learning support schemes and the current year job creation programmes.

Research and Development

In the context of international political change, An tÚdarás ensured that focus was given to expenditure on research and development activities in its client companies in assisting businesses to develop their competitive capability and to establish new markets. In 2018, some €1.8 million was approved in grants for research and development and for the development of market research skills. An tÚdarás, in cooperation with Enterprise Ireland, is committed to working with companies through the national Research and Development and Innovation (R&D&I) scheme to strengthen the research and innovation base of the enterprise sector.

Property Portfolio

Údarás na Gaeltachta owns a wide range of properties, including offices, hot desk facilities, enterprise units,

workshops, industrial buildings, business parks, and other essential infrastructure such as regional offices, sewerage treatment plants, ESB substations etc. At the end of 2018 Údarás na Gaeltachta was managing a substantial property portfolio of over 255,000 square metres of floor space located in seven different counties. An tÚdarás also manages a land database containing a range of forestry and bogland throughout the Gaeltacht. An tÚdarás continued with a number of strategic capital investments in infrastructural facilities during 2018 in order to bring parts of the property portfolio to the standards required to assist in attracting new projects and employment in the future. Significant capital investment is required to bring these industrial-type buildings to the standards required by today's modern enterprises. In addition, some wastewater treatment systems located on Údarás industrial estates and business parks are in need of upgrading. An tÚdarás is undertaking an upgrade and redevelopment programme based on the organisation's priorities and needs and this will continue subject to funding being available.

Taskforces, Fora and Action Plans

Údarás na Gaeltachta published the Implementation Report of 'Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair' in May 2018 which was the final report of the Enterprise Development Forum that was established in 2014. The implementation report showed that the employment targets set out were achieved with the

2014. Léirigh an tuairisc fheidhmithe gur sáraíodh na spriocanna fostaíochta a bhí leagtha síos le ceadú 313 post lánaimseartha i rith thréimhse an phlean. Is díol suntais agus dóchais é do Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair go bhfuil muinín ag comhlachtaí lonnú ann anois agus go deimhin fanacht ann agus infheistíocht shuntasach a dhéanamh i bhfostaíocht do phobal na Gaeltachta. Tá téarnamh áirithe don fhostaíocht ar an bPáirc Ghnó tar éis roinnt caillteanais post síos trí na blianta.

Lean an Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí lena chuid oibre i rith 2018 chun taighde agus measúnú a dhéanamh ar dheiseanna forbartha agus fostaíochta i nGaeltacht na Mí. Is í aidhm an ghrúpa gnímh fiontraíochta seo ná fócas nua a dhíriú ar chreatlach a fhorbairt chun Ráth Chairn/Baile Ghib a thógáil, a fhorbairt agus aird níos fearr a mhealladh dó mar réigiún



approval of 313 full time posts during the plan period. It is significant and a source of encouragement for Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair that companies have the confidence not only to locate there but to stay there and to make significant investment in employment for the Gaeltacht community. There is a certain recovery in employment on the Páirc Ghnó after some job losses down through the years.

Fóram Fiontraíochta na Mí (Enterprise Forum for the Meath Gaeltacht) continued their work during 2018 in researching and assessing the development and employment opportunities of the Meath Gaeltachta area. The aim of this enterprise action group is to place a new focus on a framework to build and develop Ráth Chairn/Baile Ghib, which is in close proximity to Dublin, as a competitive and successful region for job creation.

iomaíoch agus rathúil do chruthú post. Is cur chuige comhordaithe atá i gceist agus tá eagraíochtaí forbartha, gnó agus pobail ina mbaill den bhFóram Fiontraíochta agus foilseofar tuairisc an Fhóram Fiontraíochta in 2019.

Is í an aidhm atá leis an Tascfhórsa Idirghníomhaireachta Uíbh Ráthaigh ná plean gníomhaíochta trasearnála a fhorbairt do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus leithinis Uíbh Ráthaigh chun aghaidh a thabhairt ar an meath shuntasach atá tagtha ar dhaonra Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus chun athbheochan a dhéanamh ar an gceantar chun fiontraíocht agus infheistíocht a mhealladh ann. Rinne an tascfhórsa taighde agus dul chun cinn shuntasach i rith 2018 ar an bplean a fhoilseofar in 2019. Tá an tionscnamh seo ina chuid lárnach de Phlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe an Rialtais a bhfuil rannpháirtíocht leathan i gceist leis lena n-áirítear Ranna Rialtais, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Chiarraí, Eagrais Forbartha agus Turasóireacht chomh maith le hionadaíocht láidir ag gnóthaí áitiúla agus grúpaí forbartha pobail.

Branda – Gaeltacht na hÉireann

Rinneadh an branda 'Gaeltacht na hÉireann', branda nua atá forbartha ag Údarás na Gaeltachta, a sheoladh i rith 2018. Tá an branda forbartha chun gur féidir ceantach Gaeltachta na tíre agus feabhas a dtáirgí a chur chun cinn ar fud an domhain faoi aon bhratach amháin. Stampa

The Forum represents a coordinated approach and development, business and community organisations are members of the enterprise forum.

The aim of the Uíbh Ráthach Interagency Taskforce is to develop a cross-sectoral action plan for the Uíbh Ráthach Gaeltacht and for the Uíbh Ráthach peninsula in general to address the significant decline in population in the Uíbh Ráthach Gaeltacht and to revitalise the area in order to attract enterprise and investment. The Taskforce undertook significant research and progress during 2018 on the action plan which will be published in 2019. The project is a national objective of the Action Plan for Rural Development and has a broad membership including Government Departments, Údarás na Gaeltachta, Kerry County Council, Development and Tourism Agencies as well as a strong representation from local businesses and community development groups.

The Gaeltacht na hÉireann Brand

The Gaeltacht na hÉireann brand, a new brand developed by Údarás na Gaeltachta, was launched in 2018. The brand was developed to promote Ireland's Gaeltacht areas and the excellence of their products worldwide under one inclusive brand. The brand will act as a stamp of approval for everything that originates in the Gaeltacht and will be a visual representation of the vibrancy, enterprise, cultural richness, provenance and unique language of the Gaeltacht regions. We will continue the distribution and

aitheantais atá i gceist do gach rud a thionscnaítear sa nGaeltacht agus beidh sé mar léiriú físiúil ar an mbeocht, fiontraíocht, saibhreas cultúrtha, dúchas agus teanga uathúil atá sna réigiúin Ghaeltachta. Leanfar le seachadhadh agus fás an Bhranda i rith 2019 i measc chomhlachtaí, eagraíochtaí agus phobail na Gaeltachta.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

Tá forbairt an ghréasáin de 31 mol nuálaíochta agus digiteacha – gteic – mar ghné lárnach de straitéis an Údaráis chun cianoibriú a chur chun cinn agus chun tacú le comhlachtaí nuálacha lonnú sa nGaeltacht. Faoi dheireadh 2018 bhí cheithre mhol oscailte agus ag feidhmiú i nGaoth Dobhair, An Cheathrú Rua, Béal an Mhuirthead agus Daingean Uí Chúis. Táthar ag súil go ndúblófar an méid sin in 2019 le hoscailt mol i mBéal Átha an Ghaorthaidh, Carna, Na Forbacha agus An Spidéal chun borradh eile a chur faoin éiceachóras digiteach gigighiotán nua atá ag fás sa nGaeltacht. De bharr na

tacaíochta suntasaí de €2.8m a fógraíodh in 2018 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, beifear ag díriú ar thrí thogra eile a chur i gcrích roimh dheireadh 2019 nó go luath in 2020 a chuirfidh go mór le gréasán gteic mar seo a leanas:

- €1.5m ceadaithe chun an t-urlár uachtarach neamhfhorbartha de gteic @GaothDobhair ar Pháirc Ghnó Gaoth Dobhair a fhorbairt agus 1,725 méadar cearnach de spás oibre/oifigí nua a chur ar fáil;
- €548,000 chun Ionad Nuálaíochta agus Mol Digiteach gteic @AnSpidéal a fhorbairt i gConnamara;
- €795,000 chun 8 nIonad Nuálaíochta/Moil Dhigiteacha/Láthair Barrfeabhais a fhorbairt i nGaeltacht Mhaigh Eo, san áireamh Béal an Mhuirthead, An Eachléim, Gaoth Sáile, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh.



growth of the brand among companies, organisations and communities in the Gaeltacht in 2019.

gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta

The development of 31 innovation and digital hubs – gteic – is a central aspect of Údarás' strategy to promote remote working and to support innovative companies in locating to the Gaeltacht. By the end of 2018, four hubs were open and operating in Gaoth Dobhair, An Cheathrú Rua, Béal an Mhuirthead and Daingean Uí Chúis. It is hoped to double that number in 2019 with the opening of hubs in Béal Átha an Ghaorthaidh, Carna, Na Forbacha, and An Spidéal which will further add to the new gigabit digital ecosystem budding in the Gaeltacht. With the substantial support of €2.8M funding from the Rural Regeneration and Development Fund announced in 2018, it is hoped that

three projects will be completed before the end of 2019 or in early 2020, which will greatly benefit the gteic network as follows:

- €1.5m approved for the completion of the undeveloped top floor level of gteic @Gaoth Dobhair on the Gaoth Dobhair Business Park to add a further 1,725 sq.m of new workspace/offices;
- €548,000 to develop the gteic @An Spidéal Innovation and Digital Hub in Connemara;
- €795,000 to develop 8 Innovation Centres/Digital Hubs/Centres of Excellence in the Mayo Gaeltacht areas including Béal an Mhuirthead, An Eachléim, Gaoth Sáile, Acaill and Tuar Mhic Éadaigh.



Athbhreithniú ar 2018: Pleanáil Teanga agus Forbairt Pobail

Review of 2018: Language Planning and Community Development



Gníomhaíochtaí Gaeilge agus Pleanáil Teanga

Is í príomhaidhm reachtúil an Údaráis ná caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar theanga phobail agus theaghlach. Tá cothabháil agus forbairt na teanga sa nGaeltacht mar chuid lárnach de ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chuige sin cuirtear scéimeanna agus tionscnaimh áirithe i bhfeidhm chun tabhairt faoi na dúshláin teanga. Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tugadh feidhm reachtúil don Údarás maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Faoi Acht, déanfar an Ghaeltacht, mar atá sí faoi láthair, a athshainiú mar Limistéir Pleanála Teanga (LPT) Ghaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna limistéir éagsúla. Faoi Acht tabharfar aitheantas freisin do ról na mBailte Seirbhíse Gaeltachta maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar do na limistéir sin, ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla.

An Próiseas Pleanála Teanga

Cuireadh céim shuntasach eile i gcrích i gcúrsaí Pleanála Teanga i rith 2018 le fostú na chéad Oifigigh Pleanála Teanga i limistéir éagsúla ar fud na tíre agus dá bhrí sin tá tús curtha le feidhmiú na bpleananna sna ceantair sin. Ag deireadh na bliana 2018 bhí plean teanga réitithe agus ceadaithe do leath (13) de na Limistéir Pleanála Teanga ar fud na tíre. Ceadaíodh buiséad bliana de €1.49m d'fheidhmiú na bpleananna sin agus beidh fostaíocht

dhíreach de 17 bpost i gceist le hearcú na n-oifigeach, idir Oifigigh Pleanála Teanga agus Oifigigh Chúnta. Faoi láthair tá Oifigigh Pleanála Teanga ceaptha in 4 LPT agus próiseas earcaíochta ar siúl in 8 LPT eile.

Anuas air sin bhí 3 phlean eile curtha faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi dheireadh 2018 – pleananna do LPT Thuaisceart Dhún na nGall, Dhún na nGall Theas agus Cheantar na nOileán.

Leanann an tÚdarás ag tacú le Ceanneagraíochtaí agus le coistí stiúrtha agus pleananna teanga á n-ullmhú agus á bhfeidhmiú acu.

Pleananna teanga i gcliantchomhlachtaí

Aontaíodh pleananna teanga as an nua le 34 cliantchomhlacht in 2018 agus rinneadh athbhreithniú ar phleananna teanga atá i bhfeidhm cheana féin in 40 cliantchomhlacht eile. Fágann sé sin go ndearnadh plean teanga a aontú nó a athbhreithniú le 74 comhlacht Gaeltachta san iomlán le linn 2018, agus is ardú suntasach (breis agus 200%) é sin ar fhiúirí 2017. Is ar mhaithe le húsáid na Gaeilge agus infheictheacht na teanga a chur chun cinn i measc chliantchomhlachtaí an Údaráis a chuirtear na pleananna teanga le chéile.

Gníomhaíochtaí Cothaithe Teanga

Cuireann an tÚdarás tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí le deiseanna foghlama agus úsáide Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine ar fud na Gaeltachta in ionaid éagsúla. Thacaigh

Irish Language Activities and Language Planning

The primary statutory objective of Údarás na Gaeltachta is the preservation and extension of Irish as the language of the community and the family. Language maintenance and development in the Gaeltacht is a central part of the organisation's activities and to that end specific schemes and initiatives are implemented to address the linguistic challenges. Under the Gaeltacht Act 2012, Údarás na Gaeltachta was given statutory responsibility for the implementation of the 20-Year Strategy for the Irish Language 2010–2030. Under the Act, Gaeltacht areas, as they currently stand, will be redesignated as Gaeltacht Language Planning Areas (LPA), with language plans agreed with the communities in each area. Recognition will also be given to the role of Gaeltacht Service Towns in relation to the supply of public services to those areas, with language plans agreed with the communities in the various towns.

The Language Planning Process

2018 saw more significant developments in the Language Planning Process with the appointment of the first Language Planning Officers in various areas all over the country, and therefore the implementation of plans has begun in those areas. By the end of 2018, language plans had been prepared and approved for half of all Language Planning Areas (13 areas). A budget of €1.49 million was approved for the implementation of those plans which

will directly result in the creation of 17 jobs through the employment of Language Planning Officers and Assistant Language Officers. There are currently Language Planning Officers appointed in 4 Language Planning Areas and the recruitment process is underway in 8 other LPAs.

As well as that, 3 other plans had been submitted to the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht by the end of 2018 – plans for the Language Planning Areas of Tuaisceart Dhún na nGall (North Donegal), Dún na nGall Theas (South Donegal) and Ceantar na nOileán.

Údarás na Gaeltachta continues to support the Lead Organisations in the preparation and implementation of these language plans.

Irish Language Plans in Client Companies

New language plans were agreed with 34 client companies in 2018 and existing plans in 40 other client companies were reviewed. Therefore, language plans were agreed or reviewed in 74 Gaeltacht companies in total during 2018, which is a significant increase (over 200%) on the figures for 2017. Language plans are drawn up for the purpose of promoting the usage and visibility of the language among Údarás client companies.

Language Support Activities

Údarás na Gaeltachta provides organisations with the support to offer people throughout the various Gaeltacht areas an opportunity to learn and use the Irish language. In 2018, An tÚdarás supported Irish language courses

an tÚdarás le cúrsaí agus le gníomhaíochtaí cothaithe teanga a raibh gar do 1,000 duine páirteach iontu le linn 2018. I measc na gcúrsaí sin bhí cúrsaí foirmeálta, ranganna TEG, ciorcail chomhrá, ranganna do ghrúpaí tuismitheoirí agus leanaí.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR.

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. (CNNG) an eagraíocht is mó sa tír a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil, i mBéarla nó i nGaeilge, is cuma pobail nó príobháideach. Gníomhaíonn CNNG i ngach ceantar Gaeltachta sa tír agus oibríonn an eagraíocht lámh ar lámh leis na pobail Ghaeltachta. Is struchtúr neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta, chun seirbhís bainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa nGaeltacht. Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, chomh maith leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, maoiniú ar fáil faoi na scéimeanna éagsúla

luathbhlianta. Le linn 2018 bhí 1,500 páiste ag freastal ar na 98 seirbhís luathbhlianta atá faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

Tá ceanncheathrú CNNG lonnaithe ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá oifig réigiúin Dhún na nGall ag freastal ar an tuaisceart, oifig i Maigh Eo ag freastal ar Mhaigh Eo agus ar thuaisceart agus ar oirthear na Gaillimhe, agus oifig i bPort Láirge ag freastal ar Chúige Mumhan. Déantar freastal ar Ghaeltacht Chonamara agus na Mí ón gceanncheathrú.

Fostaíonn CNNG na múinteoirí luathbhlianta atá faoina chúram. Bhí 155 duine fostaithe sna seirbhísí luathbhlianta sa Ghaeltacht in 2018.

Cheadaigh Údarás na Gaeltachta maoiniú de €535,000 do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. in 2018.



and support activities attended by almost 1,000 people. Among these courses were formal courses, TEG classes, conversation circles, and classes for parent and child groups.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. is the largest organisation, public or private, in the country providing early years services through Irish or English. CNNG operates in each Gaeltacht area in the country and the organisation works hand in hand with the Gaeltacht communities. Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. is an independent company structure funded by Údarás na Gaeltachta to provide a management and administration service to Gaeltacht early years services functioning through Irish in the Gaeltacht. The Department of Children and Youth Affairs as well as the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht provide funding for the various

early childhood schemes. In 2018, some 1,500 children were attending 98 early years services under the auspices of Comhar Naíonraí na Gaeltachta.

The CNNG headquarters are based in An Cheathrú Rua in the Galway Gaeltacht. The Donegal regional office serves the north, the Mayo office services Mayo and north and east Galway and the office in Waterford serves Munster. The Connemara and Meath Gaeltacht areas are served by the headquarters.

CNNG employs the early years teachers under its remit. In 2018 the company employed 155 staff in the early years services in the Gaeltacht.

Údarás na Gaeltachta approved €535,000 in funding to Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. in 2018.

Muintearas Teo.

Fochuideachta de chuid Údarás na Gaeltachta is ea Muintearas Teo. atá á mhaoiniú chun cuspóirí áirithe forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail a bhaint amach. Cuireann Muintearas Teo. béim den chuid is mó ar mhaolú ar an míbhuntáiste sa soláthar oideachais/oiliúna Gaeltachta, ar chothromaíocht deiseanna a bhaint amach don Ghaeltacht agus ar an nGaeilge mar mheán teagaisc san oideachas Gaeltachta a threisiú. Áirítear na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí oibre an chomhlachta - luathfhorbairt an linbh, an réimse oideachais, an óige, cúrsaí nuatheicneolaíochta, cumarsáid agus oideachas fadsaoil pobail. I gcomhar leis an Údarás, cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, SOLAS agus POBAL foinsí maoinithe eile ar fáil do réimsí éagsúla tionscadail atá á n-eagrú aige.

Chuir Údarás na Gaeltachta maoiniú de €605,000 ar fáil do Muintearas Teo. in 2018. Tacaíonn Muintearas Teo. le clubanna óige a réachtáil ar fud na Gaeltachta. Le linn 2018 bhí 37 club óige a raibh freastal iomlán de 1,333 duine óg orthu ar fud na Gaeltachta. Déanann Muintearas Teo. comhordú ar 'Scéim na gCampaí Samhraidh' ar son na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. Seachadann an comhlacht 'Scéim na gCúntóirí Teanga' i scoileanna Gaeltachta, i gcontaetha na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Dhún na nGall agus na Mí ar son na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Réachtálann Muintearas Teo. naíolanna i nGaoth Dobhair agus i dTír an Fhia, agus cuireann sé seirbhísí cúraim iarscoile ar fáil sna hionaid sin chomh maith.

In 2018, bhí 17 duine fostaithe go lánaimseartha ag Muintearas Teo., 39 duine go páirtaimseartha, 63 duine ar bhonn séasúrach agus seisear go sealadach.



Údarás na Gaeltachta approved €535,000 in funding to Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. in 2017.

Muintearas Teo.

Muintearas Teo, a subsidiary company of Údarás is seed funded to achieve certain educational, language, youth and community development objectives. Muintearas Teo. focus largely on reducing disadvantages in Gaeltacht education/training provision, on achieving equality of opportunities for the Gaeltacht and on reinforcing the Irish language as a medium of instruction in Gaeltacht education. The company's primary fields of work include the following: early childhood development, education, youth work, modern technology courses, communication and lifelong community education. In cooperation with Údarás na Gaeltachta, Muintearas Teo. also receives other sources of funding from the Department of Education and Skills, the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht, SOLAS and POBAL for various initiatives it administers.

In 2018, Údarás na Gaeltachta approved €605,000 in funding to Muintearas Teo. Muintearas Teo. supports the running of youth clubs throughout the Gaeltacht. In 2018, 1,333 young people attended 37 youth clubs throughout the Gaeltacht. Muintearas Teo. coordinates 'Scéim na gCampaí Samhraidh' (Summer Camps Scheme) on behalf of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Údarás na Gaeltachta. It also administers 'Scéim na gCúntóirí Teanga' (Language Assistants' Scheme) in Gaeltacht schools in counties Galway, Mayo, Donegal and Meath on behalf of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht. Muintearas Teo. operates crèches in Gaoth Dobhair and Tír an Fhia, and also provides afterschool services in these centres.

In 2018, Muintearas Teo. employed 17 people on a full-time basis, 39 part-time, 63 people on a seasonal basis and another six temporarily.

Oideachas agus Oiliúint

Go bliantúil déanann Údarás na Gaeltachta maoiniú ar chlár forbartha oiliúna áitiúil i ngach ceantar Gaeltachta chun roinnt tionscnamh oideachais agus oiliúna a sholáthar chun cuspóirí forbartha pobail agus fiontraíochta an Údaráis a bhaint amach. Tacaíonn na scéimeanna forbartha oiliúna agus oideachais atá ar fáil le forbairt agus athoiliúint a dhéanamh ar scileanna daoine san fhórsa saothair agus soláthraíonn siad deiseanna oiliúna do dhaoine atá ag dul isteach sa mhargadh saothair den chéad uair. Táthar ag súil le bheith ag tógáil ar an obair seo don todhchaí ar fud na Gaeltachta.

Le linn 2018:

- Cláraíodh 29 faoin scéim scoláireachta printíseachta i gceirdeanna éagsúla agus bhí 91 duine ar fad ag staideanna éagsúla dá gcuid printíseachta le tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana 2018.
- Cuireadh tús le clár pólótach ar leith do na Scéimeanna Printíseachta Nua-Aoiseach agus bhí duine amháin cláraithe i gcliantchomhlacht de chuid an Údaráis faoi dheireadh na bliana.
- Bhí 24 duine ag baint tairbhe as an Scéim Forbartha Bainistíochta agus cúigear a bhí fostaithe faoin Scéim Taithí Oibre faoi dheireadh na bliana. Tugann an Scéim seo deis do chéimithe cáilíochtaí foirmeálta agus

taithí phraiticiúil a bhaint amach i réimsí gairmiúla na cuntasáochta, na pleanála teanga, an taighde agus na pleanála, na forbartha fiontraíochta agus pobail.

- Cuireadh tús le clár oiliúna don réimse cultúrtha agus pobail sa Ghaeltacht. Tríd an scéim seo beidh deis ag daoine atá gníomhach sa bpobal scileanna breise a fhoghlaim maidir le rialachas boird, scileanna bainistíochta, dliteanas éagsúla atá ar choistí deonacha.
- Tríd an Scéim Tacaíochta Oiliúna don Réimse Luathoidreachais, cuireadh tacaíocht ar fáil d'fhostaithe cur lena gcuid scileanna. Le linn na bliana, thug beirt faoi chúrsa ag leibhéal 7 den Chreat Náisiúnta agus cúigear ar leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta.
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do mhic léinn atá ag feidhmiú i réimsí a thacaíonn leis an bpróiseas pleanála teanga. Le linn 2018 cuireadh tacaíocht ar fáil do 5 mac léinn léinn a bhí ag tabhairt faoin Dioplóma sa Phleanáil Teanga agus duine amháin a bhí ag tabhairt faoin MA sa Léann Teanga le speisialtóireacht sa phleanáil teanga
- Tríd an gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, tugtar tacaíocht do mhic léinn leighis a bhfuil Gaeilge acu, chun iad a mhealladh le seirbhís trí Ghaeilge a thairiscint i réimsí áirithe leighis. Ceadaíodh scoláireachtaí d'ochtár mac léinn in 2018 i réimsí mar a leanas; Leigheas; Fisiteiripe; Teiripe Shaothair; Teiripe Urlabhra agus Teanga; Cógaisíocht; Altranais. Fuair 14 mac léinn in iomlán buntáiste

Education and Training

On an annual basis, Údarás na Gaeltachta provides funding for a local development training programme in all Gaeltacht areas for the provision of a number of education and training initiatives to realise the community and enterprise development objectives of Údarás na Gaeltachta. The available training and education development schemes support the development and retraining of workforce skills and provide training opportunities for people entering the labour market for the first time. It is envisaged that this work will be developed in the future throughout the Gaeltacht.

During 2018:

- A total of 29 apprenticeship scholarships were registered across various trades and there were 91 people at various stages of their apprenticeship supported by An tÚdarás at the end of 2018;
- A new pilot scheme was initiated to encourage participation specifically in the New Generation Apprenticeship Schemes and one participant was recruited to this scheme by year end.
- At year end a total of 24 people received training under the Management Development Scheme and a further five were employed under the Work Experience Scheme. This Scheme provides graduates with an

opportunity to pursue formal qualifications and gain practical experience across various professional fields including accountancy, language planning, research and planning, enterprise development and community development;

- A new training scheme in the area of community and cultural enterprises, aimed at upskilling voluntary members of organisation with the necessary skills in the governance of boards, managerial skills, regulation etc was commenced.
- Through the Support Scheme in Early childhood education, assistance was provided for upskilling of existing workers in childcare settings. Two childcare workers participated in course QQI level 7 and five at QQI level 6.
- Support was provided to students within the area of Language Planning. During 2018, support was provided for five students participating on the Language Planning Diploma and one MA student specialising in language planning.
- Through the partnership with Health Service Executive, support is provided to Irish speaking students in medical disciplines in order to encourage them to provide services through Irish. Eight scholarships were awarded in 2018 in areas such as the following; Medicine, Physiotherapy, Occupational Therapy, Speech Therapy, Pharmacy, Nursing. Fourteen students in all

as an scéim tacaíochta seo le linn 2018. Contae na Ghaireachta don Riarachán Gnó a reáchtáil i gCarna, Contae na Gaillimhe.

- Eagraíodh réimse éagsúil cúrsaí, tionscnamh oiliúna agus scéimeanna meantóireachta, dírithe ar fhiontraíthe in ábhair ar nós forbairt scileanna gnó agus fiontraíochta, tosaigh do ghnó féin, forbairt pobail agus an turasóireacht chultúrtha.
- Leanadh le maoiniú a sholáthar d'Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge i gcomhar le Nemeton Teo. chun an cúrsa Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse a reáchtáil sa Rinn, Contae Phort Láirge; d'Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo i gcomhar le Europus Teo. le cúrsa Ard-Diplóma/MSc i nGaeilge

Fheidhmeach agus Aistriúchán a reáchtáil i gCarna, Contae na Gaillimhe.

- Cuireadh maoiniú ar fáil do Junior Achievement Ireland i gcomhair an chláir fiontraíochta 'Clár na gComhlachtaí Údarás na Gaeltachta a reáchtáil sna scoileanna dara leibhéal Gaeltachta. Ghlac 21 scoil agus os cionn 750 dalta páirt sa chlár seo i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, an Mhí, Ciarraí, Corcaigh agus Port Láirge.

Forbairt Pobail

Tá forbairt pobail mar chuid dhéilís d'fheidhmeanna Údarás na Gaeltachta agus chuige sin tá gníomhaíochtaí ar leith



were participating in the scholarship scheme during 2018.

- A range of various courses, training initiatives and mentorship programmes were organised, directed at entrepreneurs in topics such as business and enterprise skills development, start your own business and cultural tourism;
- Funding continued to be provided to Waterford Institute of Technology in association with Nemeton Teo. to deliver the Higher Diploma in Television Production in An Rinn, County Waterford; to Galway-Mayo Institute of Technology in association with Europus Teo. to deliver the HDip/MSc in Applied Irish and Translation in Carna, County Galway and to Áras Shorcha Ní Ghuairim to deliver a Diploma in Computing for Business Administration in Carna, County Galway;

- Funding was provided to Junior Achievement Ireland to roll out the enterprise programme 'Clár na gComhlachtaí Údarás na Gaeltachta' in second level Gaeltacht schools. A total of 21 schools and over 750 pupils participated in the programme from counties Donegal, Mayo, Galway, Meath, Kerry, Cork and Waterford.

Community Development

Community development is a core element of the functions of Údarás na Gaeltachta, and to that end it undertakes certain activities focused on the community development of the Gaeltacht as follows:

ar bun aige atá dírithe ar fhorbairt pobail na Gaeltachta mar a leanas:

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta

Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú agus riar ar an Scéim Fostaíochta Pobail, an Scéim Shóisialta Tuaithe, TÚS agus Tús Nua. Déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí maoiniú ar na scéimeanna fostaíochta sóisialta a bhfuil ról tábhachtach acu i soláthar taithí oibre agus oiliúna do phobail Ghaeltachta. Ar an 31 Nollaig 2018, bhí 1,065 rannpháirtí agus 49 saoiiste fostaithe an 4 scéim. Le linn na bliana, thosaigh 296 rannpháirtí nua ar na scéimeanna agus chríochnaigh 342 rannpháirtí a gclár. Tá na scéimeanna fostaíochta sóisialta seo lánach i bhforbairt an phobail agus i gothabháil gníomhaíochtaí Gaeilge sa nGaeltacht agus is fiú os cionn €17.5 milliún na scéimeanna seo go bliantúil do gheilleagar na Gaeltachta.

Na hEagrais Phobail

Déanann an Scéim Deontas Reáchtála atá á fheidhmiú ag Údarás na Gaeltachta maoiniú de €1,838,000 a chur ar fáil do 31 eagrais pobail (comharchumainn agus comhlachtaí pobalbhunaithe) sa nGaeltacht. Cuireann na heagrais phobalbhunaithe seo, ina bhfuil 82 duine fostaithe agus duine amháin séasúrach, cláir leathana i bhfeidhm a chlúdaíonn gníomhaíochtaí forbartha pobail, bainistiú scéimeanna/ tionscnamh agus caomhnú agus neartú na

Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh. Tá plean oibre ag gach eagraíocht agus aontaítear spriocanna sonracha leis an Údarás mar chuid den chomhaontú ar mhaoiniú.

Scéim Fiontar Pobail

Cuireadh maoiniú €131,051 ar fáil tríd an Scéim Fiontar Pobail do 55 eagraíocht/coiste pobail chun cuidiú leo gníomhaíochtaí forbartha pobail a chur chun cinn agus chun oiliúint a chur ar fáil dóibh le tacú leo pleananna forbartha a ullmhú.

Clár LEADER

Tá ról ag Údarás na Gaeltachta i bhfeidhmiú an chláir LEADER i nGaeltacht Dhún na nGall agus Mhúscraí. Tá Údarás na Gaeltachta ar cheann de cheithre chomhpháirtí faoi Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) Dhún na nGall agus Mhúscraí atá freagrach ar son an Ghrúpa Forbartha Áitiúil (LAG) as feidhmiú Chlár LEADER sna Gaeltachtaí sin. Tá riar agus feidhmiú an chláir i nGaeltacht Dhún na nGall (seachas ar na hoileáin Ghaeltachta atá faoi chúram Chomhar na nOileán) agus i nGaeltacht Mhúscraí faoi chúram Údarás na Gaeltachta.

Tá clár LEADER ar oscailt do ghrúpaí deonacha, do dhaoine aonair, tionscnaimh phríobháideacha agus phobail, agus fiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá an clár dírithe ar thionscadail arb é a n-aidhm caighdeán maireachtála agus deiseanna eacnamaíochta a chur chun

Social Employment Schemes

Údarás na Gaeltachta manages and administers the Community Employment Scheme, the Rural Social Scheme, TÚS and Tús Nua. These social employment schemes, which are funded by the Department of Employment Affairs and Social Protection, have an important role in providing work experience and training for Gaeltacht communities. On 31st December 2018, a total of 1,065 participants and 49 supervisors were involved in 4 schemes. During the year, 342 new participants were placed on these schemes and 296 participants completed and exited their programmes. These social employment schemes are central to community development and language maintenance activities in the Gaeltacht, and are worth more than €17.5 million annually to the Gaeltacht economy.

Community Organisations

Funding of €1.838 million was paid under the Administration Grants Scheme operated by An tÚdarás to 31 community organisations (cooperatives and community-based companies) throughout the Gaeltacht. These community-based organisations, which employ 82 people and one seasonal, implement broad programmes covering community development activities, management of schemes/initiatives, and the maintenance and strengthening of the Irish language and culture. Each organisation has a programme of work and specific objectives are agreed with An tÚdarás as part of the agreement for funding.

Community Enterprise Scheme

Funding of €131,051 was provided through the Community Enterprise Scheme to 55 community organisations/ committees to support them in promoting community development activities and to provide them with training to support them in their preparation of development plans.

The LEADER Programme

Údarás na Gaeltachta plays a role in implementing the LEADER programme in the Donegal and Múscraí Gaeltacht areas. Údarás na Gaeltachta is one of four partners under the Donegal and Múscraí Local Community Development Committee (LCDC) responsible on behalf of the Local Action Group (LAG) for implementing the LEADER programme in these Gaeltacht areas. The administration and implementation of the programme in the Donegal Gaeltacht (excluding the Gaeltacht islands under the auspices of Comhar na nOileán) and in the Múscraí Gaeltacht come under the remit of Údarás na Gaeltachta.

The LEADER programme is open to voluntary groups, individuals, private and community initiatives, and small and medium-sized enterprises. The programme focuses on initiatives which aim to promote the quality of life and economic opportunity for the people or communities in the Donegal/Múscraí Gaeltacht under the framework of the approved Local Development Strategy. The Múscraí Gaeltacht LEADER programme has a total budget of

cinn ar mhaithe le leas bhunadh nó phobal Ghaeltacht Dhún na nGall/Mhúscraí faoi chreatlach na Straitéise Forbartha Áitiúla atá faofa. Buiséad iomlán de €60,000 atá ag clár LEADER Gaeltachta Mhúscraí don tréimhse 2014-2018 a léiríonn laghdú 80% ar an tréimhse roimhe.

Bhí sé tábhachtach go mbeadh ceanneagraíocht le cumas teanga i bhfeighil na scéime i nGaeltacht Mhúscraí le súil le cur leis sna blianta atá le teacht. Ceadaiódh €28,421.09 i ndeontais le linn na bliana do dhá thogra i nGaeltacht Mhúscraí. Tá buiséad níos suntasaí ag baint le clár LEADER Ghaeltacht Dhún na nGall agus le linn 2018 ceadaiódh cúnamh do 5 thogra ar fiú €239,792.37 iad do Ghaeltacht Dhún na nGall.

Daoine Scothaosta

Cuireadh tacaíocht ar fáil, trí na scéimeanna fostaíochta, d'ionaid lae chun tacú leo seirbhísí breise a sholáthar don aosach mar chuid de pholasáí forbartha sóisialta agus caomhnaithe teanga na heagraíochta. Reáchtáladh réimse cúrsaí i gcúram aosaigh i gcomhpháirtíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Na hEalaíona

Déanann Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú ar chlár forbartha agus cothaithe na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha tríd an bhfochuideachta Ealaín (na Gaeltachta) Teo. Cheadaigh

€60,000 for the 2014-2018 period, which represents an 80% reduction on the previous period. It was important to have a lead agency with language capabilities to undertake the scheme in the Múscraí Gaeltacht in the hope of increasing the offering in years to come. Grants totalling €28,421.09 were approved for community groups in the Múscraí Gaeltacht during the year for two projects.

The Donegal Gaeltacht LEADER programme has a more significant budget and during 2018, assistance was approved for 15 initiatives worth €239,792.27 for the Donegal Gaeltacht.

The Elderly

As part of the organisation's social development and language maintenance policy, support was provided, through the social employment schemes, for day-centres to enable them to deliver additional services for the elderly. A range of healthcare courses were held in conjunction with the Health Service Executive.

The Arts

Údarás na Gaeltachta and the Arts Council jointly fund a development and maintenance programme of traditional and contemporary arts through the subsidiary company Ealaín (na Gaeltachta) Teo. Údarás na Gaeltachta provided €341,500 in funding to Ealaín (na Gaeltachta) Teo. in 2018.

Údarás na Gaeltachta maoiniú de €341,500 d'Ealaín (na Gaeltachta) Teo. in 2018. Tá triúr áisitheoirí réigiúnacha fostaithe ag an gcomhlacht leis an gclár a chur i bhfeidhm. Tá an t-eolas uile ar spriocanna agus cuspóirí an chomhlachta le fáil ag www.ealain.ie.

Buaiceanna 2018

Reáchtáladh scéimeanna éagsúla tacaíochta do na healaíona sna Gaeltachtaí le linn 2018, ina measc:

- **Scéim na bPríomhréimsí Forbartha:** Ceadaiódh tacaíocht do 11 thogra faoin scéim seo in 2018 le buiséad iomlán €260,000 a raibh forbairt straitéiseach ar ghnéithe a chuirfeadh le hinfreastruchtúr na n-ealaíon ar bhunús fadtéarmach i gceist leo.
- **Scéim na bhFéilte:** Cuireadh tacaíocht ar fáil do 24 féile ealaíon Gaeltachta in 2018 le buiséad iomlán €87,700.
- **Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí:** Scéim é seo a thacaíonn le healaíontóirí aonair iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú a chuirfeadh ar a gcumas forbairt a dhéanamh ar a gceird. Cuireadh tacaíocht ar fáil do 18 n-ealaíontóirí in 2018, as buiséad iomlán €52,500.
- **Scéim Síol:** Cuireadh tacaíocht ar fáil do 60 iarratasóir le buiséad iomlán €33,000 in 2018 chun miontionscadal nó togra tosaíochta ealaíon a fhorbairt.
- **Oíche Chultúir:** Cuireadh tacaíocht ar fáil do 25 iarratasóir in 2018 le buiséad iomlán €7,500.

The company employs three regional arts facilitators who implement the programme. Full information on the company's goals and objectives is available at www.ealain.ie.

2018 Highlights

Various support schemes were administered for the arts in the Gaeltacht during 2018, including:

- **Main Activities Scheme:** Assistance was approved for 11 projects under this scheme in 2018 amounting to a total budget of €260,000 to allow for the strategic development of various projects that aim to enhance the arts infrastructure in the long term.
- **Festivals Scheme:** Assistance was provided for 24 Gaeltacht arts festivals in 2018 amounting to a total budget of €87,700.
- **Bursary Scheme for Artists:** This scheme provides support to individual artists applying for funding to enable them in developing their craft. Assistance was approved to 18 artists in 2018 from a total budget of €52,500.
- **Síol Scheme:** Síol Scheme: Support was provided to 60 applicants amounting to a total budget of €33,000 in 2018 to develop small or priority arts projects or initiatives.

Clár na nEalaíon Dúchasacha

I mí Dheireadh Fómhair 2018 síníodh conradh feidhmíochta idir an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta ar mhaithe le:

- Breis tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt na n-ealaíon traidisiúnta i measc aos óg na Gaeltachta,
- Taighde agus iniúchadh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus na hacmhainní atá sa nGaeltacht faoi láthair chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar na bearnaí agus na laigeachtaí atá sa soláthar
- Clár forbartha a chur i gceann a chéile dírithe ar cheantair nach bhfuil aon soláthar ranganna amhránaíochta/ceol uirlise ann faoi láthair.

Cuireadh ciste maoinithe de €325,000 ar fáil don chlár oibre seo agus is ar Ealaín na Gaeltachta atá an cúram leagtha forbairt a dhéanamh ar an gclár oibre agus buiséad a mhaireann suas go Lúnasa 2019. Mar chuid den chlár tá feidhmiú clár teagasc ceoil & ealaíon dúchasacha i nGaeltacht Chonamara agus Árann, riarachán ar mhaoiniú do Scoil Cheoil na Crannóige i nDún na nGall agus Ionad Cultúir an Dochtúir Ó Loinsigh i mBaile Bhuirne.

Cúinne an Ghiorria

Togra drámaíochta is ea seo ar cuireadh tús leis in 2017 le breis borradh a chur faoi dhrámaíocht Ghaeilge agus

- **Culture Night:** Assistance was approved to 25 applicants in 2018 amounting to a total budget of €7,505.

Traditional Arts Programme

In October 2018 an operational contract was signed between the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and Údarás na Gaeltachta in order to:

- Provide further support to the development of the traditional arts among young people in the Gaeltacht,
- Conduct research and investigate the current activities and resources in the Gaeltacht in order to address gaps or weaknesses in provision,
- Develop a development programme directed at areas where there is no provision of singing/musical instrument tuition currently.

A fund of €325,000 was made available for this programme and Ealaín na Gaeltachta Teo. have been tasked to develop the work programme and budget for the period to August 2019. The programme also entails implementing tuition programmes in music and traditional arts in Conamara & Árann, administration of funding for Scoil Cheoil na Crannóige in Donegal and Ionad Cultúir an Dochtúir Ó Loinsigh in Baile Bhuirne.

Garraí an Ghiorria

This drama initiative was introduced in 2017 to boost drama in Irish; to develop the competencies and

chun inniúlachtaí agus caighdeán léirithe na gcompántas drámaíochta Gaeilge agus Gaeltachta a fhorbairt;

Cuireadh deireadh le Céim 1 den obair seo in 2018 agus d'éascair tuairisc chuimsitheach as an obair a rinneadh. I measc na moltaí a tháinig ón tuairisc sin, moladh go mbeadh coiste il-Éireannach ceaptha le straitéis 3 bliana a fhorbairt do dhrámaíocht na Gaeilge, ó thuaidh agus ó dheas lena chinntiú go bhfuil inmharthanacht á cothú san earnáil. Rinne Ealaín na Gaeltachta iarratas ar chiste maoinithe de chuid Éire Ildánach le tabhairt faoin obair sin agus ceadaíodh €30,000 dóibh le dul i mbun na hoibre i rith 2019 i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

Aisling?

Is mór-léiriú ealaíne, amharclannaíochta agus ceoil é Aisling? - a bhí mar bhuaic ar an gclár 'An Teanga Bheo' de Chomóradh Náisiúnta 2016. Léiríodh leagan nua forbartha de Aisling? arís in 2018 mar chuid lárnach d'imeachtaí ceiliúrtha Bhliain na Gaeilge 2018. Le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus Foras na Gaeilge tugadh an mórleiriú seo ar chamchuiart náisiúnta. Anois, agus an chamchuiart seo curtha i gcrích, tá Aisling? léirithe i mbeagnach chuile chearn den tír agus é feicthe ag os cionn 2,500 duine.

production quality of the Irish language and Gaeltacht drama companies; and to meet the specific needs of professional performance artists performing in Irish through mentoring and enabling.

Phase 1 of that work was completed in 2018 and a comprehensive report resulted. Included in the proposals that arose from that report it was proposed the an All Ireland committee would be appointed to develop a 3 year strategy for the development of Irish Language drama north and south to ensure sustainability is being developed in the industry. Ealaín na Gaeltachta made an application to Creative Ireland to undertake the work and €30,000 was approved to commence the project in 2019 in conjunction with other stakeholders.

Aisling?

Aisling? is a large scale arts, theatre and musical performance which was a highlight of the An Teanga Bheo programme of the 1916 Centenary Commemoration in 2016. A newly developed adaptation of Aisling? was performed again in 2018 as a central part of the activities of Bliain na Gaeilge 2018. With the support of the Arts Council and Foras na Gaeilge this large scale performance undertook a national tour. Now, with the completion of this tour, Aisling? has been performed in all parts of the country and has been seen by over 2,500 people.



Eagraíocht agus Seirbhísí

Organisation and Services



Eagraíocht agus Seirbhísí

Rialachas Corparáideach

Is comhlacht corpraithe é Údarás na Gaeltachta arna bhunú ag an Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, agus feidhmíonn sé faoi shainchúram na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir fhorálacha na nAchtanna um Údarás na Gaeltachta, 1979 go 2010, arna leasú ag Acht na Gaeltachta, 2012. Chomh maith lena chuid reachtaíochta rialaithe féin, tá dualgas ar an Údarás freisin cloí le raon de cheanglais reachtúla agus riartha eile de chuid an Stáit agus an Aontais Eorpaigh.

Foireann

Ag deireadh 2018 bhí 88 duine fostaithe ag Údarás na Gaeltachta.

Comhionannas

Tá Údarás na Gaeltachta tiomanta go hiomlán do pholasaí comhionannais deiseanna, agus tá gach post san eagraíocht ar oscailt d'fhir agus do mhná. Leanfar leis na scéimeanna atá ag an Údarás le roghanna a chur ar fáil don fhoireann i dtaca leis na riachtanais ghairme agus phearsanta atá acu, nithe mar phostroinnt, sosanna gairme, saoire speisialta agus uaireanta laghduithe oibre. Le linn na bliana 2018, bhain 20 ball foirne leas as na scéimeanna seo.

Organisation and Services

Corporate Governance

Údarás na Gaeltachta is a corporate body established by the Údarás na Gaeltachta Act, 1979, and operates under the aegis of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in accordance with the provisions of the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 2010, as amended by the Gaeltacht Act 2012. In addition to its own governing legislation, An tÚdarás is also required to comply with a range of other State and EU statutory and administrative requirements.

Staff

At the end of 2018 there were 88 persons employed in the organisation.

Equality

Údarás na Gaeltachta is committed to a policy of equal opportunity and all positions within the organisation are open to both men and women. An tÚdarás continues to operate a number of schemes which provide staff with options in relation to meeting their career and personal needs, such as job sharing, career breaks, special leave and reduced working hours. During 2018, 20 members of staff availed of these schemes.

Laistigh de na constaicí a bhaineann le hearcú foirne sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne, déantar iarracht deiseanna fostaíochta oiriúnacha a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag Údarás na Gaeltachta agus táthar ag feidhmiú na socruithe cuí go leanúnach chun cosaint a thabhairt do shábháilteacht agus do shláinte na bhfostaithe agus na gcuariteoirí ar fad a bhíonn taobh istigh dá ionaid ghnó. Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na Ráitis Sábháilteachta go leanúnach chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí go hiomlán leis na forálacha atá san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Leanadh le hoiliúint a chur ar fáil don fhoireann i réimsí sábháilteachta agus sláinte le linn 2018 chun féachaint chuige go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh na bhforálacha reachtúla.

Oiliúint agus Forbairt na Foirne

Leanadh le forbairt agus oiliúint foirne in 2018. Rinne comhaltaí foirne freastal ar réimse leathan cúrsaí i rith na bliana idir chúrsaí lae, chúrsaí diplóma, céime agus máistreachta i réimse leathan ábhar cuí a bhain le gnó, bainistíocht, dlí, fuinneamh inathnuaithe, pleanáil teanga, Gaeilge, airgeadas agus nuatheicneolaíocht.

Within the constraints applying to the recruitment of staff in the Public Service in general, efforts are made to make suitable job opportunities available to people with disabilities.

The Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005

In accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005, Údarás na Gaeltachta has a written safety statement and continues to implement appropriate measures to protect the safety and health of all employees and visitors at its places of business. An tÚdarás continuously reviews the Safety Statements to ensure compliance with the provisions of the Safety, Health and Welfare at Work Act, 2005. During 2018 staff training in various areas of health and safety continued in order to ensure the organisation is fully compliant with legislative provisions.

Staff Training and Development

The staff training and development programme continued in 2018. Members of staff attended a wide range of courses during the year which included day courses, diploma, degree and masters courses in a wide range of subjects including business, management, law, renewable energy, language planning, Irish language, finance and modern technology.

Clár um Chúram Cliant

I gcomhréir le dea-chleachtas sa tSeirbhís Phoiblí, tá glactha ag Údarás na Gaeltachta le Cód Cleachtais i dtaca le cúram cliant. Tá Cairt na gCliant ar taispeáint agus ar fáil in oifigí an Údaráis agus ar a láithreán gréasáin www.udaras.ie. Mar chuid den Chód Cleachtais, tá nósmaireacht maidir le gearáin a láimhseáil agus tá córas chun déileáil le gearáin fhoirmiúla faoi chaighdeán seirbhísí an Údaráis. Déantar achainíocha agus gearáin a fhiosrú agus a fhreagairt agus fadhbanna a chur ina gceart chomh fada agus is féidir é, de réir ghnáthmhodhanna imeachta an Údaráis. Tá an tÚdarás ag leanúint le béim a chur ar sheirbhísí do chliant a fheabhsú, agus chuige sin déantar modhanna imeachta a leasú agus a shocrú i scríbhinn de réir mar is cuí, chun seirbhís chomhsheasmhach a chinntiú.

Faoi Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh, Comhaontú Bhóthar Haddington agus Comhaontú Bhóthar Lansdún), tá plean gníomhaíochta deartha ag an Údarás chun tacú le caomhnú seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán in am a rinneadh laghdúithe suntasacha ar acmhainní agus líon foirne.

Faoi fhorálacha an Achta Ombudsman (Leasú), 2012 socraíodh go mbeadh feidhmeanna Údarás na Gaeltachta le teacht faoi réir athbhreithniú neamhspleách Oifig an Ombudsman le héifeacht ó 01 Bealtaine 2013. Socraíodh dá réir go gcuirfí eolas ina leith sin ar fáil don phobal ar láithreán gréasáin an Údaráis ag www.udaras.ie agus in ábhar eile cumarsáide, agus go gcuirfí nósanna imeachta an Údaráis in oiriúint don socrú sin.



Client Care Programme

In accordance with good practice in the Public Service, Údarás na Gaeltachta has adopted a Code of Practice for quality client care. The Client Charter is displayed and available in Údarás na Gaeltachta's offices and on its website www.udaras.ie. The Code of Practice includes procedures for handling disputes and a system for dealing with formal complaints regarding the quality of the service delivery of An tÚdarás. Normal Údarás procedures are followed for investigating and responding to representations and complaints and to correct any issues insofar as possible. An tÚdarás continues to place emphasis on improving services to its clients, and to that end procedures are amended and documented as appropriate, to ensure consistent delivery of service.

Under the Public Service Agreements (Croke Park Agreement, Haddington Road Agreement and Lansdowne Road Agreement), An tÚdarás has developed an action plan to maintain a high level of public service in an environment where resources and staff numbers are being significantly reduced.

In accordance with the Ombudsman (Amendment) Act 2012, provision was made for An tÚdarás to come under the independent oversight of the Ombudsman's Office with effect from 01 May 2013. Provision was made to provide this information on Údarás na Gaeltachta's website www.udaras.ie and in other communication material, and to adjust Údarás na Gaeltachta's procedures in line with this arrangement.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

I gcomhréir leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, rinne comhaltaí Boird an Údarás agus comhaltaí foirne atá i bpost ainmnithe Ráitis Leasa de réir mar ba chúil. Baineann forálacha na hAchtanna leis na stiúrthóirí agus le bainisteoirí áirithe i bhfochuideachtaí an Údarás ó 2009, agus rinne na daoine sin ráitis faoi na hAchtanna in 2018 freisin de réir mar ba chúil.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Cloíonn Údarás na Gaeltachta le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Fuair an tÚdarás 9 n-iarratas ar thaifid le linn 2018. Ní raibh aon iarratas ar athbhreithniú inmheánach.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2018

D'fhonn éifeacht a thabhairt do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint agus ó Chomhairle na hEorpa maidir le rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis faoin



The Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001

In accordance with the Ethics in Public Office Acts, 1995 and 2001, members of the Board of Údarás na Gaeltachta and staff holding designated positions completed Declarations of Interest as appropriate. Since 2009 the provisions of these Acts apply to the directors and certain managers in Údarás subsidiaries, who also completed statements in 2018 as appropriate.

Freedom of Information Act, 2014

Údarás na Gaeltachta complies with the provisions of the Freedom of Information Act 2014. During 2018, An tÚdarás received 9 requests for records. There was no request for internal review.

European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations 2007 to 2018

With a view to giving effect to Directive 2003/4/EC of the European Parliament and Council on public access to environmental information, the Minister for the

gcomhshaol, thug an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialacháin isteach in Éirinn le héifeacht ó 01 Bealtaine 2007.

Faoi na Rialacháin seo, dar teideal Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol), (I.R. 133 de 2007, I.R. 662 de 2011, I.R. 615 de 2014 agus I.R. 309 de 2018), foráiltear nach foláir faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá ina sheilbh ag údarás poiblí ar nós Údarás na Gaeltachta, nó atá coinnithe ar a shon, a chur ar fáil ar iarratas do dhuine ar bith, faoi réir eisceachtaí áirithe. Tá córas i bhfeidhm ag an Údarás chun riachtanais na Rialachán a fhreagairt.

Mar eagraíocht atá ag plé le forbairt fiontair, cruthú fostaíochta agus le cur chun cinn na forbartha pobail, cultúir agus teanga, tá maoin ghnó ag Údarás na Gaeltachta sna contaetha Gaeltachta ar fad, idir thalamh, fhoirgnimh, eastáit tionsclaíochta agus pháirceanna gnó. I measc na gcineálacha faisnéise a bhíonn ina sheilbh bíonn eolas faoi ionaid ghnó, eastáit agus páirceanna gnó, cinn a bhfuil tionóntaí iontu san áireamh, eolas comhshaoil faoi thionscadail áirithe a dtugann an tÚdarás tacaíocht dóibh, staidéir tionchair timpeallachta do chúrsaí pleanála, agus comhaid sláinte agus sábháilteachta. Ní athraíonn na Rialacháin seo an tAcht um Shaoráil Faisnéise.

An Cód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá modhanna imeachta leagtha síos ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíonann sé An Cód Cleachtas chun

Environment, Heritage and Local Government introduced Regulations in Ireland with effect from 01 May 2007.

The Regulations, entitled the European Communities (Access to Information on the Environment) Regulations, (S.I. 133 of 2007, S.I. 662 of 2011, S.I. 615 of 2014 and S.I. 309 of 2018), provide that, subject to certain exceptions, information relating to the environment held by, or for, a public authority such as Údarás na Gaeltachta must be made available on request to any person. An tÚdarás has a system in place to meet the requirements of these Regulations.

As an organisation dealing with enterprise development, employment creation and with community, language and cultural development, Údarás na Gaeltachta has property in each of the Gaeltacht counties, including land, buildings, industrial estates and business parks.

Among the types of information the authority holds is information on business premises, estates and business parks, including properties let to tenants, environmental information on certain projects supported by an tÚdarás, environmental impact studies for planning purposes, and health and safety files. These Regulations do not affect the Freedom of Information Act.

Code of Practice for the Governance of State Bodies

Údarás na Gaeltachta has put in place procedures to ensure that it fully complies with the Code of Practice for

Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tuairiscíonn an Cathaoirleach dá réir gach bliain i dtuarascáil chuig an Aire.

Fostaíocht agus Íocaíochtaí

Foilsíonn Údarás na Gaeltachta aguisín lena Thuarascáil Bhliantúil ina bhfuil táblaí le sonraí fostaíochta de réir contae, agus ina dtaispeántar íocaíochtaí a rinne sé le gnóthais éagsúla. Cuirtear an t-aguisín sin ar láithreán gréasáin an Údarais www.udaras.ie agus cuirtear ar fáil é ar iarratas.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann Údarás na Gaeltachta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a síníodh ina dhlí ar an 14 Iúil 2003.

Cloíonn an tÚdarás le forálacha an Achta sin.

Nochtadh Cosanta

I gcomhréir leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá nósanna imeachta deimhnithe agus á gcothú ag Údarás na Gaeltachta maidir le nochtadh cosanta ag oibrithe a bhí, nó atá fostaithe ag Údarás na Gaeltachta agus chun déileáil leis an nochtadh a dhéantar. Fuair an fhoireann faisnéis scríofa ó Údarás na Gaeltachta a bhain le nósanna imeachta um nochtadh cosanta.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le hÚdarás na Gaeltachta in 2018.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Baineann an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 02 Eanáir 1998, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a tháinig i bhfeidhm i Lúnasa 2002, agus Rialacháin



the Governance of State Bodies. The Chairperson reports accordingly each year in a report to the Minister.

Employment and Payments

Údarás na Gaeltachta publishes an appendix to its Annual Report, comprising of tables with employment detailed by county, and payments made by An tÚdarás to individual businesses. This appendix is placed on the Údarás na Gaeltachta website www.udaras.ie and is available on request.

Official Languages Act 2003

Údarás na Gaeltachta comes under the remit of the Official Languages Act 2003 which was signed into law on July 14 2003. An tÚdarás complies with the provisions of the Act.

Protected Disclosures

In accordance with the legal requirement under section 21 of the Protected Disclosures Act, 2014, Údarás na Gaeltachta has established and maintains procedures for the making of protected disclosures by workers employed, or formerly employed by Údarás na Gaeltachta and for dealing with any disclosures made. Staff received written information from Údarás na Gaeltachta in relation to protected disclosures procedures.

No protected disclosures were made to Údarás na Gaeltachta in 2018.

Prompt Payment of Accounts Act, 1997

Údarás na Gaeltachta comes under the remit of the Prompt Payment of Accounts Act, 1997, which came into effect on 02 January 1998, the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations

na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm i Márta 2013, le hÚdarás na Gaeltachta. Is é beartas an Údaráis a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras, faoi réir dóthain cistí a bheith ar fáil.

Tá forálacha sonracha i bhfeidhm a thugann deis gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí faoina ndáta dlíte. Déantar tuairisc ar shonraisc ar bhonn laethúil agus déantar íocaíochtaí seachtainiúla lena chinntiú go ndéantar íocaíocht phras. Tá na forálacha seo deartha chun deimhniú réasúnta, cé nach deimhniú cinnte é, a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

De bhun cinnidh Rialtais, is gá d'eagraíochtaí neamhthráchtála Stáit, Údarás na Gaeltachta san áireamh, cloí le treoracha nua faoina n-íoctar soláthraithe laistigh de 15 lá ó fhaightear sonrasc bailí uathu ó 01 Iúil 2011. Foilsítear eolas ráithiúil ar chur i bhfeidhm an chinnidh seo ar láithreán gréasáin an

Údaráis www.udaras.ie. Seo a leanas achoimre den eolas sin don bhliain go 31 Nollaig 2018:

Fuinneamh agus Comhshaol

Tá dúshláin mhóra romhainn maidir lenár dtimpeallacht agus todhchaí ár bhfoinsí fuinnimh agus beidh tionchar ag na cinntí a dhéantar inniu ar an gcaighdeán saoil a bheidh ag na glúnta amach romhainn. Soláthraíonn ionaid na gceantar Gaeltachta ar chósta an iarthair deis iontach chun dúshláin ginte fuinnimh a shárú le teicneolaíochtaí nua i nginiúint leictreachais ag úsáid teicneolaíochtaí fótavóltacha agus eile chomh maith le giniúint teasa trí bhithmhais agus teaschaidéal. Ceann de na príomhdhúshláin a bheidh ag Údarás na Gaeltachta sa todhchaí ná an Ghaeltacht a athrú ón mbun go dtí áit níos glaine, níos glaise agus níos rathúla.

Sonraí	Uimhir	Luach (€)	Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí déanta
Details	Number	Value (€)	Percentage (%) of total payments made
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá Number of payments made within 15 days	6,490	6,904,494.21	76.24%
Líon na n-íocaíochtaí déanta laistigh de 16 agus 30 lá Number of payments made within 16 to 30 days	1,377	1,381,332.26	16.17%
Líon na n-íocaíochtaí déanta de bhreis ar 30 lá Number of payments made in excess of 30 days	646	1,509,692.78	7.59%
Líon íocaíochtaí sa tréimhse Total payments made in period	8,513	9,795,519.25	100%

ⁱ Sonraisc faighte i rith na bliana agus a bhí fós faoi chonspóid ag deireadh na bliana.
Invoices received during the year and still under dispute at the end of the year.

2002, which came into effect in August 2002, and the European Communities (Late Payment in Commercial Transactions) Regulations 2012, which came into effect in March 2013. It is the policy of Údarás na Gaeltacht to ensure that all invoices are paid promptly, subject to sufficient funds being available.

Specific provisions are in place to enable all invoices to be tracked and to ensure that payments are made by their due date. Invoices are logged daily and weekly payment runs are carried out to ensure prompt payment. These controls are designed to provide reasonable, though not absolute assurance against non-compliance with the Act and Regulations.

From 01 July 2011, in accordance with a Government decision, non-commercial State agencies, including

Údarás na Gaeltachta, are obliged to pay suppliers within 15 days of receipt of a valid invoice. Quarterly reports on the implementation of this decision are published on the Údarás website www.udaras.ie. A summary of that information for the year to 31 December 2018 can be found above:

Energy and Environment

We face unprecedented challenges to our environment and future security of our energy supplies and the decisions we make today will affect our way of life for generations to come. The location of the Gaeltacht areas along the western seaboard provide an ideal opportunity to meet new challenges for energy generation with new

Achoimre ar Úsáid Fuinnimh in 2018

In 2018 d'úsáid Ardoifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha 84.4% den fhuinneamh iomlán a úsáideadh in oifigí atá in úsáid ag foireann an Údaráis, d'úsáid an oifig ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair 12.8% agus d'úsáid an oifig i nDaingean Uí Chúis 2.8%. In iomlán, úsáideadh 71.27% den fhuinneamh i gcomhair teasa, aerchóirithe agus uisce te. D'úsáid soilsiú agus trealamh oifige 28.2% den fhuinneamh agus d'úsáid cócaireacht 0.53%.

In 2018, d'úsáid Údarás na Gaeltachta 761,107 kWh d'fhuinneamh sna trí oifig, rud a léirigh méadú de 8% ar an mbliain roimhe sin. Baineann an méadú seo le foirgneamh oifige dhá stór sna Forbacha a bheith curtha san áireamh agus córas teasa na hoifige sin a bheith athraithe ó theas leictreach go córas teasa uisce te ísealbhrú bithmhaise.

Úsáideadh an fuinneamh mar seo a leanas:

- 214,500 kWh de leictreachas;
- 542,418 kWh de theas lena n-áirítear 433,586 kWh d'fhuinneamh teirmeach seachadta as bithmhais agus 108,832 kWh as ola.
- Úsáideadh 4,189 kWh de ghás peitriam leachtach i gcomhair cócaireachta.

technologies in electricity generation using photovoltaic and other technologies as well as heat generation through the development of biomass and heat pumps. Transforming the Gaeltacht into a cleaner, greener and more prosperous area is one of the main challenges facing Údarás na Gaeltachta into the future.

Overview of Energy Usage 2018

In 2018, Údarás na Gaeltachta Head Office consumed 84.4% of total energy within their staff occupied offices, the offices at Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair consumed 12.8%, while the offices at Daingean Uí Chúis consumed 2.8%. A total of 71.27% of the energy consumed is attributed to space heating, air conditioning, domestic hot water and transport. Lighting and office equipment account for 28.2% while catering represents 0.53%.

In 2018, Údarás na Gaeltachta consumed 761,107 kWh of energy in all three offices, which indicated an increase of 8% over the previous year. This increase is attributed to the inclusion of a two story office block at Na Forbacha and its heating conversion from electric heating to a low pressure hot water biomass heating system.

Energy consumed consisted of:

- 214,500 kWh of electricity;

Tiomantas Údarás na Gaeltachta maidir le héifeachtacht fuinnimh

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann trí Chlár Comhpháirtíochta Fuinnimh na hEarnála Poiblí. Déanfaidh Údarás na Gaeltachta a dhícheall deashampla a thaispeáint maidir lena obair feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh na hEarnála Poiblí agus an sprioc de 33% a leagadh amach do 2020 a bhaint amach. Dearbhaíonn Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) arís toil na hÉireann laghdú de 20% maidir le héilimh ar fhuinneamh ar fud an gheilleagair faoi 2020 a bhaint amach, chomh maith le laghdú de 33% ar úsáid fuinnimh san earnáil poiblí laistigh den tréimhse chéanna.

Le roinnt blianta anuas tá obair shuntasach déanta ag Údarás na Gaeltachta i dtaca lena úsáid fuinnimh a laghdú agus tá an chosúlacht ar thorthaí le roinnt blianta anuas go mbainfidh an eagraíocht amach an laghdú de 33% in úsáid fuinnimh faoi dheireadh 2020.

Gníomhartha coigilte fuinnimh ar tugadh fóthu in 2018

Críochnaíodh uasghrádú mór ar shoilsiú sráide ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair agus roinnt páirceanna gnó i gContae na Gaillimhe. Beidh laghdú de 40% in úsáid fuinnimh i gceist leis an uasghrádú seo. Cuireadh 50 méadar cearnach d'fhearas fótavóltach in áit ag ár

- 542,418 kWh for heating which includes 433,586 kWh of thermal energy delivered from biomass fuel and 108,832 kWh of similar energy from oil;
- 4,189 kWh represents the consumption of liquid petroleum gas (LPG) used for catering.

Údarás na Gaeltachta commitment to energy efficiency

Údarás na Gaeltachta is working in partnership with the Sustainable Energy Authority of Ireland through the Public Sector Energy Partnership Programme. Údarás na Gaeltachta will strive to lead by example in its contribution to the Public Sector energy efficiency improvement target of 33% set for 2020. The National Energy Efficiency Plan (NEEAP) reaffirms Ireland's commitment to achieving a 20% reduction in energy demands across the whole of the economy by 2020, as well as a 33% reduction in public sector energy use within the same period.

Údarás na Gaeltachta has played its part in helping to reduce its energy consumption over a number of years and indications are showing that a 33% reduction in energy use will be achieved by the end of 2020.

Energy saving actions undertaken in 2018

A major street lighting upgrade was carried out at the Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair and also a number of

n-oifigí réigiúnacha i nDaingean Uí Chúis agus Gaoth Dobhair. Leanann sé seo insealbhú fearas den chineál céanna ag an Ardoifig sna Forbacha roinnt blianta ó shin. Meastar go mbeidh 8.4 kWh leictreachais á ghiniúint ag gach ionad go bliantúil.

Gníomh atá beartaithe do 2019

Tá sé i gceist iarratais a dhéanamh ar chead pleanála d'fhearais fótvóltacha a insealbhú ar dhíonta roinnt mol digiteacha gteic i nGaoth Dobhair, Na Forbacha, An Spidéal agus An Cheathrú Rua. Déanfar iniúchadh ar úsáid cadhnraí stórála agus a n-úsáid le teicneolaíocht fótvóltach. Tá sé i gceist roinnt cadhnraí stórála a insealbhú ag ár n-oifigí réigiúnacha i nDaingean Uí Chúis.



business parks within the Galway Gaeltacht, the energy usage resulting from this upgrade will reduce by 40%.

A 50 sq. m roof mounted photovoltaic array was installed at our regional offices at Daingean Uí Chúis and Gaoth Dobhair, this follows on from a similar sized installation at the Ard Oifig, Na Forbacha. The estimated annual units of electricity generation at each site is 8,400kWh.

Action planned for 2019

It is intended to apply for planning permission for a roof-mounted photovoltaic installation at a number of gteic digital hubs in Gaoth Dobhair, Na Forbacha, An Spidéal and An Cheathrú Rua. The use of storage batteries and their use with PV technology will be investigated. It is also intended to install a number of storage batteries at our regional office at Daingean Uí Chúis.

Údarás na Gaeltachta
Tuarascáil Bhliantúil Airgeadais 2018
Annual Financial Report 2018

Cuimsíonn an Tuarascáil Airgeadais Bhliantúil:

The Annual Financial Report comprises:

Leathanach

Page

Ráiteas um Rialú Inmheánach	2
Statement on Internal Control	
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill Boird	5
Governance Statement and Board Member's Report	
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	11
Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas	

Ráitis Airgeadais

Financial statements

Leathanach

Page

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Ioncaim Coiméadta	14
Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves	
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	15
Statement of Comprehensive Income	
Ráiteas ar Staid Airgeadais	16
Statement of Financial Position	
Ráiteas ar Shreabhaidh Airgid	16
Statement of Cash Flows	
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	18
Notes to the Financial Statements	
Sceideal 1	34
Schedule 1	

Ráiteas um Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Údarás na Gaeltachta, admhaím an fhreagracht atá orainn lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothabháil agus á fheidhmiú.

Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Údarás na Gaeltachta ar a bhfuil ceathrar comhaltáí boird agus ball seachtrach le saineolas airgeadais agus iniúcháireachta. Tháinig an Coiste le chéile cheithre huair in 2018. Ghlac an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an bpolasaí bainistiú riosca a leagan síos an próiseas riosca.

Cumas chun Riosca a láimhseáil

Tá Seirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí, a fheidhmíonn de réir an Chód Frámaíochta um Scothcleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, á soláthar don Údarás. Tá feidhm an iniúchta inmheánaigh seachfhoinisithe chuig comhlacht cuntasaíochta neamhspleách. Cuireann obair na Seirbhíse sin san áireamh an anailís a dhéantar ar rioscaí a d'fhéadfadh dul i gcion ar an eagraíocht agus bunaítear pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí ar an anailís sin. Formhuíníonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca anailís na rioscaí agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí. Ar a laghad uair amháin sa bhliain cuireann an tSeirbhís Iniúcháireachta Inmheánaí tuairisc ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí. Léiríonn an tuairisc tuairim na Seirbhíse ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistiú riosca i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh- rioscaí agus na gníomhartha atá i bhfeidhm ag an mbainistíocht le dul i ngleic leo, agus chomh fada agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomh-rioscaí d'Údarás na Gaeltachta agus tá siad seo aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhacht.

Tá céimeanna tógtha ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnaigh i bhfeidhm trí:

Statement on Internal Control

Scope of Responsibility

On behalf of the Board of Údarás na Gaeltachta, I acknowledge our responsibility for ensuring that an effective system of internal control is maintained and operated.

This responsibility takes account of the requirements of the Code of Practice for the Governance of State Bodies (2016).

Purpose of the System of Internal Control

The system of internal control is designed to manage risk to a tolerable level rather than to eliminate it. The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

The system of internal control, which accords with the guidance issued by the Department of Public Expenditure and Reform has been in place in Údarás na Gaeltachta for the year end 31 December 2018 and up to the date of approval of the financial statements.

Údarás na Gaeltachta has an Audit and Risk Committee (ARC) comprising four Board members and one external member with financial and audit expertise. The ARC met four times in 2018. The ARC accepted the risk management policy that sets out the risk process.

Capacity to Handle Risk

An Internal Audit Service is provided to Údarás na Gaeltachta which operates in accordance with the Framework Code of Best Practice set out in the Code of Practice on the Governance of State Bodies. The internal audit function is outsourced to an independent accountancy firm. The work of that Service is informed by analysis of the risk to which the body is exposed, and annual internal audit plans are based on this analysis. The analysis of risk and the internal audit plans are endorsed by the Audit and Risk Committee. At least annually, the Internal Audit Service provides the Audit and Risk Committee with a report of internal audit activity. The report reflects the opinion of the Internal Audit Service on the adequacy and effectiveness of the system of internal control.

Risk and Control Framework

Údarás na Gaeltachta has implemented a risk management system which identifies and reports key risks and the management actions being taken to address and, to the extent possible, to mitigate those risks. A risk register is in place which identifies the key risks facing Údarás na Gaeltachta and these have been identified, evaluated and graded according to their significance.

The Board has taken steps to ensure an appropriate control environment is in place by:

- Shainú soiléir a dhéanamh ar fhreagrachtaí agus ar chumhachtaí na bainistíochta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Chultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Chineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais rioscaí a bhfuil aghaidh le tabhairt ag an gcomhlacht orthu a aithint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha;
- Mheasúnacht a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí a aithníodh;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Údarás na Gaeltachta agus go bhfuil tacaíocht ann do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Maidir leis na fochuideachtaí atá ar lánúinéireacht; Muintearas Teo agus Ealaín (na Gaeltachta Teo), tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe oiriúnaigh a chinntiú trí:

- bhall a cheapadh ar Bhord an dá fochuideachta;
- chathaoirleach an dá fochuideachta a bheith ag tuairisciú chuig Cathoirléach Bhord Údarás na Gaeltachta ag dearbhú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú;
- iniúchóir ar leith a bheith ag na fochuideachtaí ach go mbeadh siad faoi réir iniúchadh inmheánach ag Údarás na Gaeltachta;

Monatóireacht agus Athbheithniú Leanúnach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat eolais bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann ach go háirithe:

- Córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a chomhaontaíonn agus a athbheithníonn Bord Údarás na Gaeltachta;
- Athbheithnithe rialta ag Bord Údarás na Gaeltachta ar thuairiscí bliantúla airgeadais agus tréimhsíúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí;
- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirínte rialaithe infheistíochta caipitil sainithe go soiléir;
- Disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal.

Soláthar

Dearbháim go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta le cinntiú go gcloítear le rialacha agus treoracha reatha soláthar. Aibhsítear thíos nithe a thagann chun cinn i dtaca le rialuithe maidir le soláthar faoi Rialú Inmheánach.

- Clearly defining management responsibilities and powers;
- Establishing formal procedures for monitoring the activities and safeguarding the assets of the organisation;
- Developing a culture of accountability across all levels of the organisation.

The Board has established processes to identify and evaluate business risks by:

- Identifying the nature, extent and financial implication of risks facing the body including the extent and categories which it regards as acceptable;
- Assessing the likelihood of identified risks occurring;
- Working closely with Government and various agencies to ensure that there is a clear understanding of Údarás na Gaeltachta's goals and support for the strategies to achieve those goals.

In relation to the wholly owned subsidiaries; Muintearas Teo and Ealaín (na Gaeltachta Teo), the Board has taken steps to ensure an appropriate control environment by:

- appointing a member to the Board of each subsidiary;
- the chairperson of each subsidiary reporting to the Chairperson of the Board of Údarás na Gaeltachta confirming compliance with the Code of Practice for the governance of State Bodies;
- the subsidiaries having separate auditors but subject to Internal audit by Údarás Na Gaeltachta;

Ongoing Monitoring and Review

The system of internal control is based on a framework of regular management information, administration procedures including segregation of duties, and a system of delegation and accountability. In particular it includes:

- A comprehensive budgeting system with an annual budget which is reviewed and agreed by the Board of Údarás na Gaeltachta;
- Regular reviews by the Board of Údarás na Gaeltachta of periodic and annual financial reports which indicate financial performance against forecasts;
- Setting targets to measure financial and other performance;
- Clearly defined capital investment control guidelines;
- Formal project management disciplines.

Procurement

I confirm that Údarás na Gaeltachta has procedures in place to ensure compliance with current procurement rules and guidelines. Matters arising regarding controls over procurement are highlighted under Internal Control Issues below.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a ghnáthaimh bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn obair na Seirbhíse Iniúcháireachta Inmheánaí, An Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsionn obair na Seirbhíse sin, bhainisteoirí feidhmeannaigh laistigh d'Údarás na Gaeltachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat oibre rialaithe airgeadais, agus ráitis arna ndéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa litir bhainistíochta, mar bhonn eolais don Bhord agus é ag déanamh monatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2018.

Ceisteanna maidir le Rialú Inmheánach

(1) Bailiú Cíosanna

Tá an Bord feasach i dtaobh na saincheisteanna a bhaineann le bailiú cíosanna. Tá céimeanna á nglacadh chun feabhas a chur ar bhailiú fiacha.

(2) Soláthar Neamh-Chomhlíontach

I rith 2018, rinneadh caiteachas €187,897 a thabhu i ndáil le hearraí agus seirbhísí do bheirt soláthróirí áit nár chloí na nósanna imeachta a leanadh leis na treoirlínte maidir le soláthar. Sa dá chás seo, is tar-rolladh de chonarthaí reatha a bhí i gceist. Tá comórtas tairisceana ar an leibhéal Náisiúnta ar siúl faoi láthair sa dá chás.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Anna Ní Ghallachair

Cathaoirleach

Dáta: 31 Deireadh Fómhair 2019

Review of Effectiveness

I confirm that Údarás na Gaeltachta has procedures to monitor the effectiveness of its risk management and control procedures. The Board's monitoring and review of the effectiveness of the system of internal control is informed by the work of the Internal Audit Service, the Audit and Risk Committee which oversees the work of that Service, the executive managers within Údarás na Gaeltachta who have responsibility for the development and maintenance of the financial control framework and comments made by the Comptroller and Auditor General in the management letter.

I confirm that the Board carried out a review of the effectiveness of the system of internal controls in operation during 2018.

Internal Control Issues

(1) Rent Collection

The Board is cognizant of the issues in relation to the collection of rents. Steps are being undertaken to improve the debt collection.

(2) Non-Compliant Procurement.

During 2018 expenditure of €187,897 was incurred in relation to goods and services with two suppliers where procedures employed did not comply with procurement guidelines. In both cases this was due to rollover of existing contracts. A National level tender competition is currently underway in relation to both of these.

Signed on behalf of the Board

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Is comhlacht corpraithe é Údarás na Gaeltachta arna bhunú ag Acht Údarás na Gaeltachta 1979 agus feidhmíonn sé faoi shainchúram Na Roinne Cultuir, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir fhorálacha na hAchtanna um Údarás na Gaeltachta 1979 go 2010, arna leasú ag Acht na Gaeltachta 2012. Ceapann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta na comhaltaí boird. Tá aidhmeanna Údarás na Gaeltachta leagtha amach i gCuid 8 go 10 de Acht 1979 mar atá leasaithe i gCuid 17 agus 18 de Acht na Gaeltachta 2012. Tá an Bord freagrach as rialachas maith a chinntiú agus cuireann sé i bhfeidhm é seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cintí straitéiseacha a thógáil ar gach mír ghnó.

Is é an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí sinsearach atá freagrach as bainistiú Údarás na Gaeltachta ó lá go lá. Caithfidh an Príomhfheidhmeannach agus na bainisteoirí sinsearach na treoracha leathan straitéiseach atá eisithe ag an mBord a leanúint agus cinntiú go bhfuil tuiscint soiléir ag na comhaltaí boird faoi na príomh ghníomhaíochtaí a bhaineann leis agus faoi aon mhór riosca a d'fhéadfadh éirí as. Is é an Príomhfheidhmeannach an príomh theagmalaí idir an Bord agus bainistíocht an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá Bord Údarás na Gaeltachta freagrach as straitéis agus polasaithe ginearálta Údarás na Gaeltachta. Ceadaíonn an Bord infheistíochtaí, scéimeanna tacaíochta agus ceannachán nó díolachán maoinne a dhéanann an eagraíocht ar mhaithe le forbairt fiontair agus cruthú fostaíochta, cur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh, chomh maith le forbairt phobail na Gaeltachta.

De réir Alt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 ní mór don Údarás ráitis airgeadais a réiteach in cibé leagan a aontaíonn an tAire, le comhaontú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Agus iad ag réiteach na ráiteas seo, ní mór don Údarás:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnótha leantaigh, ach amháin sa chás nach mbeadh sé ciallmhar a cheapadh go leanfadh an Bord air ag feidhmiú;
- luaigh ar leanadh caighdeán chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a bheith nochtá agus mínithe sna ráitis aigreadais;

Governance Statement and Board Members' Report

Governance

Údarás na Gaeltachta is a corporate body established by the Údarás na Gaeltachta Act 1979 and it operates under the aegis of the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht in accordance with the provisions of the Údarás na Gaeltachta Acts, 1979 to 2010, as amended by the Gaeltacht Act 2012. The Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht appoints the board members. The functions of Údarás na Gaeltachta are set out in Section 8 to 10 of the 1979 Act as amended in Section 17 and 18 of the Gaeltacht Act 2012. The Board is responsible for ensuring good governance and performs this task by setting strategic objectives and targets and taking strategic decisions on all key business issues.

The regular day-to-day management, control and direction of Údarás na Gaeltachta are the responsibility of the Chief Executive Officer (CEO) and the senior management team. The CEO and the senior management team must follow the broad strategic direction set by the Board, and must ensure that all Board members have a clear understanding of the key activities related to the entity, and of any significant risks likely to arise. The CEO acts as a direct liaison between the Board and management of Údarás.

Board Responsibilities

The Board of Údarás na Gaeltachta is responsible for the broad strategies and policies of Údarás na Gaeltachta. The Board approves investments, support schemes and the purchase and sale of assets undertaken by the authority for the purposes of enterprise development and employment creation, the promotion of the Irish language and culture and the development of Gaeltacht communities.

Section 18 (1) of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979 requires An tÚdarás to prepare financial statements in such form as may be approved by the Minister, with the concurrence of the Minister for Public Expenditure and Reform. In preparing those financial statements, An tÚdarás is required to:

- select suitable accounting policies and then apply them consistently;
- make judgements and estimates that are reasonable and prudent;
- prepare the financial statements on the going concern basis unless it is inappropriate to presume that the Údarás will continue in operation;
- state whether applicable accounting standards have been followed, subject to any material departures disclosed and explained in the financial statements;

Tá dualgas ar an mBord cuntais chearta a thugann léargas de chruinneas réasúnach ar stádas airgeadais an Bhoird ag am ar bith, agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go n-aontaíonn na ráitis le hAlt 18 (1) den Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, a choimeád. Tá dualgas ar an mBord chomh maith sócmhainní an Údaráis a chosaint agus dá bharr sin, gach ní atá réasúnta a dhéanamh chun aon chalaos nó aon ghnóthaí cama a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Sé dearcadh an Bhoird ná go dtugann ráitis airgeadais Údarás na Gaeltachta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Údarás na Gaeltachta ag 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus aon déag gnáthchomhalta, iad ar fad ceaptha ag an Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, ar an mBord.

The Board is responsible for keeping proper accounting records which disclose with reasonable accuracy at any time the financial position of the company, and to enable it to ensure that the financial statements comply with Section 18 (1) of the Údarás na Gaeltachta Act, 1979. The Board is also responsible for safeguarding the assets of the company and hence for taking reasonable steps for the prevention and detection of fraud and other irregularities.

The Board considers that the financial statements of Údarás na Gaeltachta give a true and fair view of the financial performance and the financial position of Údarás na Gaeltachta at 31 December 2018.

Board Structure

The Board consists of a Chairperson and eleven ordinary members, all of whom are appointed by the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht.

Ball Bord	Ról	Téarma Oifige
Board member	Role	Term of office
Anna Ní Ghallachair	An Cathaoirleach/Chairperson	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Séamus Cosaí Mac Gearailt	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Ian Mac Aindriú	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Eunan Mac Cuinneagáin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Seosamh Ó Laoi	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
John Shéamuis Ó Fearraigh	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Seán Mac Congamhna	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Séamus Breathnach	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Mary Uí Chadhain	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Debra Uí Shúilleabháin	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Siobhán Seoighe	Gnáthchomhalta/Ordinary member	16/01/2018 go/to 15/01/2023
Máire Seosaimhín Breathnach	Gnáthchomhalta/Ordinary member	15/02/2017 go/to 14/02/2019

Rinne an Bord Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtach agus Mheastóireacht Boird in 2018.

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord mar seo a leanas:

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca: Ar a bhfuil cheithre ghnáthchomhalta agus ball amháin neamhspleách. Scrúdaíonn an coiste seo ráitis airgeadais, cúrsaí rialachais chorparáidigh agus bainistíochta riosca, tuairiscí ón bhfeidhm Iniúcháireachta Inmheánaí agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus obair eile a dhéantar i dtaca leis an eagraíocht agus lena chuid fochuideachtaí

Féach thíos liosta de bhaill an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhí ag feidhmiú in 2018:

Ian Mac Aindriú, Cathaoirleach

Eunan Mac Cuinneagáin

Anna Ní Ghallachair

Mary Uí Chadhain

Roibeard Ó Cathasaigh (comhalta seachtrach)

Bhí cheithre chruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca in 2018.

The Board conducted an external Board Effectiveness and Evaluation Review in 2018.

The Board has established 2 committees as follows:

Audit and Risk Committee: Comprises 4 Board members and one independent member. This committee examines financial statements, corporate governance and risk management matters, reports from the Internal Audit function and from the Comptroller and Auditor General, and other work carried out in relation to the organisation and its subsidiary companies.

The members of the 2018 Audit and Risk Committee were as follows:

Ian Mac Aindriú, Chairperson

Eunan Mac Cuinneagáin

Anna Ní Ghallachair

Mary Uí Chadhain

Roibeard Ó Cathasaigh (external member)

There were 4 meetings of the Audit and Risk Committee in 2018.

An Coiste Meastóireachta : Ar an gcoiste sin bíonn an Cathaoirleach, comhalta boird agus an Príomhfheidhmeannach mar aon le hionadaí an ceann ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, ón nGníomhaireacht Forbartha Tionscail (Éire) agus ó Fhiontraíocht Éireann. Is coiste reachtúil é seo a dhéanann meastóireacht ar thionscadail mhóra agus a chuireann moltaí chuig an mBord.

Féach thíos liosta de bhaill an Choiste Meastóireachta a bhí ag feidhmiú in 2018:

Anna Ní Ghallachair

Seosamh Ó Laoi

Ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste seo le linn 2018.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal freastail na gcrúinnithe Boird agus Coistí do 2018 thíos chomh maith le táillí agus costais a fuair gach comhalta.

Evaluation Committee: comprises the Chairperson, one board member and the Chief Executive as well as one representative each from the Department of Culture, Heritage, and the Gaeltacht, from IDA (Ireland) and from Enterprise Ireland. This statutory committee evaluates large scale projects and makes recommendations to the Board.

The board members of the 2018 Evaluation committee were as follows:

Anna Ní Ghallachair

Seosamh Ó Laoi

No meetings of this committee were held in 2018.

Schedule of Attendance, Fees and Expenses

